An Roinn Oideachais
Department of Education

# Ag Breathnú ar Phleananna Gníomhaíochta le haghaidh Feabhsúcháin i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna DEIS

## Cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta; an teagaisc agus na foghlama agus na forbartha gairmiúla

An Chigireacht
An Roinn Oideachais
Aibreán 2022

# CLÁR

**Réamhrá** **4**

**Cuid 1 Plean DEIS 2017** **10**

1.1. Forbhreathnú ar Phlean DEIS 2017 10

1.1.1 An Clár DEIS: Forbhreathnú ar thacaí breise do scoileanna 11

1.2. Próiseas maidir le pleananna gníomhaíochta DEIS i gcomhair feabhsúcháin 14

1.3. Cur chun feidhme an phróisis pleanála gníomhaíochta DEIS a mheas i scoileanna: Meastóireachtaí DEIS 2017-2020 18

1.4 Cantanam cáilíochta na meastóireachta 19

**Cuid 2 Torthaí na meastóireachta ar scoileanna DEIS 2017-2020** **20**

2.1 Cáilíocht na ceannaireachta maidir le pleananna gníomhaíochta DEIS 20

2.2 Gnéithe de cheannaireacht éifeachtach i scoileanna DEIS 21

2.3 Táscairí ar cheannaireacht sár-éifeachtach ar phróiseas pleanála gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin 24

2.4 Torthaí maidir le cáilíocht na ceannaireachta i dtaca le pleanáil gníomhaíochta DEIS 26

2.4.1 Spriocanna a leagan síos 27

2.4.2 An plean gníomhaíochta DEIS a chur i bhfeidhm 30

2.4.3 Ceannaireacht bhunathraithe agus teagaisc 32

2.4.4 Ceannaireacht dháilte éifeachtúil 33

2.4.5 Ceannaireacht scoileanna cónasctha 34

2.4.6 Deacrachtaí earnála sa phleanáil ghíomhaíochta DEIS 35

2.5 Torthaí maidir le cleachtas lag nó measartha sa Phleanáil ghníomhaíochta DEIS i gcomhair feabhsúcháin 35

**Cuid 3 An tionchar atá ag pleanáil gníomhaíochta DEIS ar theagasc agus ar fhoghlaim i scoileanna DEIS** 39

3.1 Comhthéacs 39

3.2 Torthaí 40

3.3 Timpeallacht seomra ranga cuimsitheach i scoileanna DEIS 42

3.4 Tionchar Phleanáil Gníomhaíochta DEIS ar Phleanáil Aonair Múinteoirí 44

3.5 Úsáid measúnaithe chun teagasc agus foghlaim a threorú 45

3.6 Torthaí maidir le cleachtas lag nó measartha sa phleanáil do cháilíocht an teagaisc agus na foghlama 47

3.7 Torthaí maidir le cleachtas maith agus an-mhaith sa phleánáil don chaighdeán teagaisc agus foghlama 49

3.8 Impleachtaí na dtorthaí measúnachta DEIS ar an teagasc agus foghlaim 50

**Cuid 4 Forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí 51**

4.1 Comhthéacs 51

4.2 Torthaí maidir le cleachtas maith agus an-mhaith sa phleánáil don chaighdeán forbartha gairmiúla 52

4.3 Impleachtaí thorthaí mheastóireachta DEIS d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach 55

**Cuid 5 Conclúidí agus moltaí 56**

5.1 Réamhrá 56

5.2 Conclúidí 56

5.3 Moltaí 59

Liosta na dTáblaí 61

Liosta na bhFíor 62

Aguisíní 63

# Réamhrá

Is í an tuarascáil seo an chéad cheann de thrí cinn atá beartaithe ag Cigireacht na Roinne Oideachais a fhoilsiú mar chuid den athbhreithniú agus den mheastóireacht ar chur i bhfeidhm Phlean DEIS 2017 i scoileanna. Cuireann an tuairisc i láthair tátail chumaisc ó chigireachtaí[1] maidir le réimsí ríthábhachtacha de shaol na scoile: an cheannaireacht i bpleananna gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúchán na scoile agus cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus na forbartha gairmiúla.

Dírítear sa dara agus sa tríú tuarascáil ar thorthaí meastóireachta na Cigireachta maidir le pleanáil gníomhaíochta DEIS i dtaca leis an litearthacht, leis an uimhearthacht agus le gnóthachtáil i scrúduithe agus le téamaí DEIS – tinreamh, coinneáil, aistrithe, agus comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus le pobal na scoile.

Tá sé mar aidhm ag na trí thuarascáil treoir a thabhairt do mheastóireacht ar thionchar agus ar thorthaí Phlean DEIS 2017 atá idir lámha faoi láthair ag an Rannán um Ionchuimsiú Sóisialta sa Roinn. Cuirfidh na léargais mheastóireachta atá leagtha amach i dtuarascálacha na Cigireachta seo eolas agus tacaíocht ar fáil freisin d'obair mhúinteoirí agus scoileanna DEIS agus iad ag gabháil do phleananna gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin i scoileanna. Tabharfaidh torthaí agus moltaí na tuarascála seo treoir úsáideach do na seirbhísí tacaíochta éagsúla a oibríonn le scoileanna DEIS ar leibhéil na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. Tar éis fhoilsiú na tuarascála seo, tá sé beartaithe ag an gCigireacht teagmháil a dhéanamh le scoileanna, le comhlachtaí

[1] Baineann an Chigireacht úsáid as raon samhlacha cigireachta chun meastóireacht a dhéanamh ar scoileanna, scoileanna DEIS san áireamh, agus ar ionaid eile foghlama ar bhonn bliantúil. Ina measc sin tá gearr-chigireachtaí teagmhasacha aon-lae, gan choinne, agus meastóireachtaí níos déine scoile uile, agus cigireachtaí leantacha faoi conas a chuir scoileanna i bhfeidhm moltaí a rinneadh i dtuarascálacha cigireachta roimhe seo. Déantar cigireacht ar scoileanna DEIS ag baint úsáid as raon de na samhlacha sin. Tá an tuarascáil seo bunaithe ar thátail na samhla cigireachta lena ndírítear ar ***Meastóireacht ar Phleananna Gníomhaíochta le haghaidh Feabhsúcháin i scoileanna DEIS***. Tá tuilleadh eolais ar an raon samhlacha cigireachta a úsáideadh agus ar na tuarascálacha cigireachta a foilsíodh ar fáil ó: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/46edb4-none/

bainistíochta, le seirbhísí tacaíochta agus le rannóga éagsúla den Roinn chun tátail agus moltaí na tuarascála a chur chun cinn.

## Plean DEIS 2017

Is beartas é Plean DEIS 2017 lena ndírítear ar feabhas a chur ar cháilíocht an tsoláthair i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Tá sé ar cheann den iliomad polasaithe oideachais a mbíonn tionchar acu ar obair na scoileanna. San áireamh sna treoracha seo maidir le beartais tá athchóiriú curaclaim - lena n-áirítear athchóiriú na Sraithe Sóisearaí in iar-bhunscoileanna; an Curaclam Teanga Bunscoile nua do bhunscoileanna; an straitéis náisiúnta litearthachta agus uimhearthachta; an tsamhail athbhreithnithe chun acmhainní teagaisc oideachais speisialta a leithdháileadh ar dhaltaí/scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu; tabhairt isteach na Folláine mar phríomhthosaíocht pholasaí agus forbairt a dhéanamh ar phróiseas na féinmheastóireachta scoile. Ina theannta sin, tá béim bhreise curtha ar nósanna imeachta frithbhulaíochta agus ar bheartais agus nósanna imeachta um chosaint leanaí. Tugadh isteach freisin An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna: Plean Gníomhaíochta 2019. Tá na beartais seo ag teacht le pleanáil gníomhaíochta DEIS i scoileanna agus tá siad ceaptha chun spriocanna Phlean DEIS 2017 a chomhlánú agus tacú leo.

Is ar leibhéal an mhíbhuntáiste sa phobal scoile a bhraitheann leibhéal na dtacaíochtaí breise agus na n-acmhainní a leithdháiltear ar scoileanna atá ag glacadh páirt sa chlár DEIS. Tá bunscoileanna uirbeacha roinnte in dhá ’bhanda’, ag brath ar a leibhéal míbhuntáiste measúnaithe, agus tá níos mó daltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste acu siúd i mBanda 1 ná iad siúd i mBanda 2. Faigheann bunscoileanna DEIS faoin tuath maoiniú breise agus rochtain ar thionscnaimh. Tá tuilleadh sonraí faoi na tacaíochtaí seo ar fáil in Aguisín A.

Ní mar a gcéanna aon dá scoil DEIS; athraíonn déine na díothachta eacnamaíche agus dáileadh na bochtaineachta ó phobal go pobal agus tá éagsúlacht mhór ann ó thaobh phróifíl gach cohórt daltaí/scoláirí. Tá dlús i bhfad níos airde páistí atá faoi mhíbhuntáiste i mbunscoileanna Uirbeacha DEIS i mBanda 1 ná mar atá i mbunscoileanna eile. Déanann na scoileanna seo freastal ar níos mó daltaí a bhfuil riachtanais níos casta acu[2]. Tá 53% de dhaltaí uile an Lucht Siúil i mbunscoileanna cláraithe i 274 scoil DEIS ina bhfuil líon an-mhór de dhaltaí an Lucht Siúil (20% go 50%

---

[2] Smyth, E., McCoy, S. and Kingston, G. (2015). Learning from the Evaluation of DEIS: Research Series Number 39. Baile Átha Cliath: An Fóram Eacnamaíoch agus Sóisialach

den rollú iomlán) i gceithre bhunscoil is fiche DEIS[3]. Tuairiscíonn Rannóg Staidrimh na Roinne Oideachais go bhfuil líon níos mó daltaí/scoláirí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu agus daltaí/scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ag scoileanna atá lonnaithe i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste suntasach eacnamaíoch.[4]

Léiríonn tuarascálacha meastóireachta na Cigireachta na comhthéacsanna uathúla ina n-oibríonn scoileanna agus daltaí/scoláirí. Tugann siad freisin léargas tábhachtach meastóireachta ar cháilíocht an tsoláthair i scoileanna aonair i gcomhthéacsanna éagsúla. Roghnaíodh na scoileanna DEIS a ndearna an Chigireacht meastóireacht orthu ó 2017 go 2020 tar éis Uirlis Phleanála Náisiúnta na Cigireachta a chur i bhfeidhm. Ar na scoileanna a roghnaíodh bhí bunscoileanna (N = 40) agus iar-bhunscoileanna DEIS i mBanda 1 (N = 38). Ní dhearnadh meastóireacht ar bhunscoileanna DEIS faoin tuath agus ar bhunscoileanna DEIS i mBanda 2 le linn na tréimhse seo. Leagtar amach i dTábla 1 líon na scoileanna a ndearnadh meastóireacht orthu idir 2017 agus an chéad seachtain de Mhárta 2020.[5]

[3] Pavee Point (2015). Irish Traveller and Roma Children: Shadow Report. A Response to Ireland's Consolidated Third and Fourth Report to the UN Committee on the Rights of the Child. Arna fhoinsiú ó http://www.paveepoint.ie/wp-content/uploads/2015/04/Pavee-Point-Shadow-Report-for-UNCRC-on-Traveller-and-Roma-Children1.pdf

[4] An Roinn Oideachais: Rannóg Staidrimh (2021) Sonraí a fuarthas ó Bhunachar Sonraí Ar Líne na Bunscoile do na scoilbhlianta 2019/2020 agus 2020/2021 Bealtaine 2021

[5] Dúnadh scoileanna i mí an Mhárta 2020 mar thoradh ar Phaindéim Covid 19.

| Bliain | Líon na mbunscoileanna DEIS i mBanda 1 a ndearnadh meastóireacht orthu | Líon na nIar-bhunscoileanna DEIS a ndearnadh meastóireacht orthu |
|---|---|---|
| **2017** | 10 | 8 |
| **2018** | 10 | 10 |
| **2019** | 19 | 18 |
| **2020** | 1 | 2 |
| **Iomlán** | 40 | 38 |

Tábla 1. Líon na scoileanna DEIS a ndearnadh meastóireacht orthu gach bliain idir 2017-2020[6]

Ó 2005 i leith, ceanglaíodh ar scoileanna atá rannpháirteach sa Chlár DEIS páirt a ghlacadh i bpleananna gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin thar roinnt réimsí nó 'téamaí'[7]. Thacaigh cigirí le scoileanna sa phróiseas pleanála gníomhaíochta DEIS

[6] Rinne an Chigireacht fiche meastóireacht ar Phleananna Gníomhaíochta DEIS in 2016. Níl na sonraí ó na meastóireachtaí sin san áireamh sna torthaí a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo toisc gur chlúdaigh raon feidhme an fhiosrúcháin an tréimhse ó Eanáir 2017 go Márta 2020.

[7] Táthar ag súil go bhforbróidh scoileanna plean gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin a chuimseoidh na réimsí nó na téamaí seo a leanas: tinreamh; coinneáil; aistrithe; litearthacht; uimhearthacht; gnóthachtáil i scrúduithe (in iar-bhunscoileanna amháin) agus páirtíocht le tuismitheoirí agus daoine eile. Tugadh isteach trí théama (Ceannaireacht, an Fholláine agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) in 2017. Níor ghá do scoileanna pleananna gníomhaíochta ar leith a cheapadh do na trí théama breise sin ach iarradh orthu pleananna a dhéanamh do na réimsí breise seo nuair a bhí athbhreithniú á dhéanamh acu ar na téamaí bunaidh ina bpleananna gníomhaíochta.

agus thug siad 511 cuairt chomhairleacha le linn na tréimhse 2017 go 2020.  Tá tuilleadh sonraí faoi na tacaíochtaí seo ar fáil in Aguisín C.

Ó 2011 i leith, tá meastóireacht déanta ag an gCigireacht ar an tionchar atá ag an bpróiseas pleanála Gníomhaíochta DEIS i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.[8] [9] Le foilsiú Phlean DEIS 2017, tugadh tús áite d'athbhreithniú eile ar an soláthar i scoileanna DEIS. Idir 2017 agus 2020 rinne cigirí 78 meastóireacht i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna DEIS. Ba é aidhm na meastóireachtaí sin:

- Fionnadh a dhéanamh maidir leis a méid a bhí scoileanna ag gabháil don phróiseas pleanála gníomhaíochta agus do phleananna gníomhaíochta lena gcuimsítear na téamaí ainmnithe a cheapadh.
- Cáilíocht na ceannaireachta maidir le próiseas pleanála gníomhaíochta DEIS a mheas
- Fionnadh a dhéanamh maidir leis an méid a bhí scoileanna in ann tionchar a bpleananna gníomhaíochta ar cháilíocht an teagaisc agus ar thorthaí foghlama na scoláirí a léiriú.

Dírítear sa tuarascáil seo ar cháilíocht na ceannaireachta maidir le pleanáil gníomhaíochta agus ar an tionchar a bhíonn ag an gceannaireacht sin ar cháilíocht an teagaisc, na foghlama agus na forbartha gairmiúla; tá na réimsí seo mar chroílár chreat cáilíochta na Cigireachta *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna araon. Leis an gcreat sin tugtar tacar caighdeán maidir le teagasc agus foghlaim agus maidir le ceannaireacht agus bainistíocht. Úsáideann

---

[8] An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011a). Meastóireacht ar Phróisis Phleanála in Iar-bhunscoileanna DEIS. Baile Átha Cliath:  An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011b). Meastóireacht ar Phróisis Phleanála in Iar-bhunscoileanna DEIS. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna
[7] An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011b). Meastóireacht ar Phróisis Phleanála in Iar-bhunscoileanna DEIS. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna

scoileanna é chun tacú lena bpróisis féinmheastóireachta agus chun obair na gcigirí a threorú agus iad ag déanamh monatóireacht agus ag tuairisciú ar an obair i scoileanna.

Le linn a gcuid meastóireachtaí, cruthaíonn cigirí tacar sonraí bunaithe ar chontanam cáilíochta (féach Aguisín B). Soláthraíonn tuairiscí meastóireachta insint thuairisciúil agus mheastóireachta maidir leis an tsoláthar i ngach suíomh. Féachann an tuairisc tiomsaithe seo leis an dá léargas a bhreith; faisnéis achomair ó mheastóireachtaí a fhaightear i gcóras bainistíochta faisnéise na Cigireachta agus in insint thuairisciúil ar gach téama DEIS a ndéanann cigirí iniúchadh air agus iad i scoileanna.

Foilseoidh an Chigireacht dhá thuarascáil eile bunaithe ar an tacar sonraí céanna. Díreoidh siad seo ar na nithe seo a leanas:

(a) Pleananna Gníomhaíochta DEIS don litearthacht, don uimhearthacht agus do ghnóthachtáil i scrúduithe i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Déanfaidh an tuarascáil athbhreithniú freisin ar phleananna gníomhaíochta don ghnóthachtáil i scrúduithe in iar-bhunscoileanna
(b) Dírítear sa tríú tuarascáil, an tuarascáil deiridh, ar théamaí DEIS – tinreamh, coinneáil, aistrithe, agus páirtíocht le tuismitheoirí agus le pobal na scoile.

# Cuid 1 Plean DEIS 2017

## 1.1 Forbhreathnú ar Phlean DEIS 2017

Tá sé mar aidhm ag Plean DEIS (Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh)[10] 2017 deis comhionann a thabhairt do leanaí agus daoine óga (ón réamhscolaíocht go dtí oideachas dara leibhéal agus ar aghaidh go dtí breisoideachas) rochtain a fháil ar oideachas, páirt a ghlacadh ann agus leas a bhaint as. Leagtar amach i bPlean DEIS fís na Roinne go mbeidh an t-oideachas "...ina bhealach cruthaithe chuig deiseanna níos fearr do dhaoine i bpobail atá i mbaol míbhuntáiste agus eisiamh sóisialta"[11]. Leagtar amach ann cúig sprioc ardleibhéil a ndéantar tuilleadh forbartha orthu ina 108 gníomh. Tá tiomantas do bheartas a threorú trí chinntí atá bunaithe ar shonraí mar thaca leis na spriocanna agus na gníomhartha seo. Is iad spriocanna Phlean DEIS 2017:

- Creat measúnaithe níos láidre agus níos freagrúla a chur i bhfeidhm chun scoileanna a aithint agus leithdháileadh éifeachtach acmhainní a dhéanamh
- Taithí foghlama agus torthaí daltaí/scoláirí i scoileanna DEIS a fheabhsú
- Cumas ceannairí scoile agus múinteoirí gníomhú, pleanáil agus acmhainní a úsáid an méid is fearr is féidir
- Tacú le dea-chleachtas i scoileanna agus é a chothú trí chomhoibriú idirghníomhaireachta
- Tacú le hobair scoileanna tríd an taighde, faisnéis, meastóireacht agus aiseolas a thabhairt chun spriocanna an phlean a bhaint amach

[10] An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2005). DEIS- Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh): Plean Gnímh do Chuimsiú Oideachais. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

[11] An Roinn Oideachais agus Scileanna (2017). Plean DEIS 2017 Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

### 1.1.1 An Clár DEIS: Forbhreathnú ar thacaí breise do scoileanna

Feictear le Plean DEIS 2017 tacú le daltaí/scoláirí atá ag freastal ar scoileanna ina bhfuil líon ard daltaí/scoláirí ó cheantair faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch trí chláir a dhéanann na nithe seo a leanas:

- Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama i scoileanna a fheabhsú (lena n-áirítear forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí sa litearthacht agus san uimhearthacht, i modheolaíochtaí foghlama gníomhaí, tacú le folláine daltaí/scoláirí, agus cláir thacaíochta d'iompraíocht dhearfach)
- Tacaíochtaí breise a chur ar fáil le go mbeidh daltaí/scoláirí ullamh le rochtain a fháil ar oideachas (feabhsú ar thinreamh, béilí scoile, clubanna obair bhaile, clubanna iarscoile, Clár Críochnúcháin Scoile, cláir a thacaíonn le folláine daltaí/scoláirí, campaí samhraidh)
- Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí le hoideachas a gcuid leanaí a mhéadú (an scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail, Comhairlí na dTuismitheoirí)
- Feabhas a chur ar aistriú leanaí ón réamhscoil go dtí an bhunscoil; ón mbunscoil go dtí an dara leibhéal; agus scoláirí a choinneáil sa dara leibhéal trí chláir curaclaim náisiúnta/creatacha curaclaim a sholáthar amhail Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh atá dírithe scoláirí atá i mbaol an scoil a fhágáil gan cáilíochtaí foirmiúla a bheith acu; agus tacú le scoláirí go dtí go gcríochnóidh siad an Ardteistiméireacht nó a mhacasamhail agus gur féidir leo aistriú ansin chuig an tríú leibhéal, chuig breisoideachas, chuig printíseachtaí nó chuig saol na hoibre.

Is ar leibhéal an mhíbhuntáiste sa phobal scoile a bhraitheann leibhéal na dtacaíochtaí breise agus na n-acmhainní a leithdháiltear ar scoileanna atá ag glacadh páirt sa scéim scoileanna DEIS. Tá bunscoileanna uirbeacha roinnte in dhá 'bhanda', ag brath ar a leibhéal míbhuntáiste measúnaithe, agus tá níos mó daltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste acu siúd i mBanda 1 ná iad siúd i mBanda 2. Faigheann bunscoileanna DEIS faoin tuath maoiniú breise agus rochtain ar thionscnaimh. Taispeántar i dTábla 2 líon na scoileanna atá páirteach sa chlár DEIS sa scoilbhliain reatha (RO, 2020).

| Líon na mbunscoileanna | | | Líon na n-iarbhunscoileanna | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Scoileanna uirbeacha i mBanda 1** | **Scoileanna uirbeacha i mBanda 2** | **Scoileanna faoin tuath** | | |
| 229 | 104 | 356 | 198 | 887 |
| 52,364 dalta | 31,361 dalta | 26,820 dalta | 75,967 mac léinn | 186,512 |

Tábla 2. Líon na scoileanna atá páirteach sa chlár DEIS (scoilbhliain 2020/21)[12]

Le foilsiú Phlean DEIS (2017*),* cuireadh tacaíochtaí breise ar fáil chun cuidiú le scoileanna maidir leis na nithe seo a leanas:

- Tosaíocht bhreise a thabhairt d'fholláine daltaí/scolláirí agus cur le cur i bhfeidhm clár atá bunaithe ar fhianaise a chothaíonn teacht aniar meabhrach agus folláine phearsanta. Áirítear orthu seo cláir amhail na cláir *Incredible Years* agus *Friends*. Tá méadú tagtha ar leithdháileadh acmhainní na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) ar scoileanna DEIS chun cabhrú leis na tionscnaimh seo.[13]
- Pleananna gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin a threorú agus a bhainistiú agus chun rialachas agus bainistíocht na scoileanna a fheabhsú. Tá rochtain tosaíochta ag príomhoidí agus ceannairí eile i scoileanna DEIS ar na cláir agus ar na seirbhísí cóitseála agus meantóireachta a sholáthraíonn an Lárionad um Cheannaireacht Scoile (CSL) chomh maith le tacaíochtaí a sholáthraíonn an tSeirbhís um

[12] Tá líon na ndaltaí/scoláirí sa tábla seo bunaithe ar thuairisceáin Mheán Fómhair 2019 – Foinse: An tAonad um Chuimsiú Sóisialta
[13] In 2018, d'fhógair an tAire Oideachais Richard Bruton (29 Lúnasa, 2018) go raibh ceapachán 19 síceolaí oideachais nua ceadaithe, rud a d'fhág go raibh líon iomlán na síceolaithe oideachais ag 194, méadú 19% ar líon na síceolaithe ó 2012/2013.

Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)[14]. Ag deireadh 2020, bhain 185 príomhoide DEIS leas as cóitseáil duine le duine a cuireadh ar fáil trí SFGM ó 2017 i leith. Tá rochtain ag gach múinteoir (múinteoirí i scoileanna DEIS san áireamh) ar an Dioplóma Gairmiúil i gCeannaireacht Scoile (PDSL) a bhfuil sé mar aidhm aige scileanna ceannaireachta múinteoirí agus a dtuiscint ar na coincheapa atá mar bhonn leis an gceannaireacht a fhorbairt. Tugann Rannóg Oideachais Múinteoirí na Roinne Oideachais fóirdheontas do tháillí an chúrsa seo. Go dtí seo, leagtar amach sa tábla thíos líon na múinteoirí atá ag obair i scoileanna DEIS a chríochnaigh an dioplóma seo sa cheannaireacht.

| Cóhort | Bliain tosaigh | Scoileanna DEIS | Scoileanna nach scoileanna DEIS iad | Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2017 | 71 | 166 | 3 | 240 |
| 2 | 2018 | 63 | 196 | 1 | 260 |
| 3 | 2019 | 73 | 204 | 4 | 281 |
| 4 | 2020 | 79 | 205 | 4 | 288 |

Tábla 3. Líon na múinteoirí i scoileanna DEIS a rinne an Dioplóma Gairmiúil i gCeannaireacht Scoile

Soláthraíonn *Plean Gníomhaíochta DEIS 2017* forbairt ghairmiúil leanúnach spriocdhírithe a thacaíonn le teagasc agus le foghlaim ardchaighdeáin agus a spreagann scoláirí. Áirítear ar na tacaíochtaí forbartha gairmiúla seo, arna seachadadh ag SFGM, oiliúint um Breith ar an Léitheoireacht agus Breith ar an Matamaitic do mhúinteoirí bunscoile, teagasc foirne agus ceardlanna ar mheasúnú, litearthacht agus uimhearthacht; agus tacaíochtaí na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí maidir le gnéithe den mhodheolaíocht, den difreáil, den mheasúnú foirmitheach agus den athchóiriú ar an Sraith Sóisearach. Cuireann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)

raon de chúrsaí forbartha gairmiúla ar fáil do mhúinteoirí aonair agus don fhoireann iomlán.

Ina theannta sin, faoi Phlean DEIS 2017, spreagtar scoileanna go gníomhach páirt a ghlacadh sa Chiste Barr Feabhais Scoile - clár DEIS, tionscnamh a chuireann nuálaíocht agus cruthaitheacht chun cinn in idirghabhálacha atá pleanáilte agus deartha ag scoileanna chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil. Éascaíonn na hidirghabhálacha scoilbhunaithe seo do scoileanna líonrú agus cnuasú a dhéanamh agus díriú ar nuálaíocht i gcur chuige teagaisc i bhforbairt teanga, folláine, STEM agus litearthacht agus uimhearthacht.

Tá an raon iomlán tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do scoileanna faoin gClár DEIS leagtha amach in Aguisín A. Tá an clár tacaíochtaí a sholáthraíonn SFGM chun tacú le ceannaireacht scoileanna sonraithe in Aguisín D. Na tacaíochtaí a sholáthraíonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) in Aguisín E.

## 1.2. Próiseas maidir le pleananna gníomhaíochta DEIS i gcomhair feabhsúcháin

Ceanglaítear ar scoileanna a fhaigheann tacaíochtaí agus acmhainní breise trí rannpháirtíocht sa chlár DEIS dul i ngleic le pleananna gníomhaíochta córasacha le haghaidh feabhsúcháin ag leibhéal na scoile aonair agus ag leibhéal an chnuasaigh scoileanna/ an phobail[15]. Gné ríthábhachtach den phróiseas maidir le pleananna gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin is ea an mhonatóireacht ar ghníomhartha a chuireann scoileanna i bhfeidhm ag éirí as a gcuid oibre pleanála. Ceanglaítear ar scoileanna DEIS plean gníomhaíochta a chur le chéile a thugann

[15] An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2005). DEIS- Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh): Plean Gnímh do Chuimsiú Oideachais. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

aghaidh ar a gcuid oibre i dtéamaí DEIS (féach Fíor 1). Mar chuid den phróiseas sin, ceanglaítear orthu spriocanna SMART a cheapadh (sainiúil, intomhaiste, insroichte, ábhartha agus faoi cheangal ama) do na téamaí. Ba chóir spriocanna a aontú ag leibhéal na scoile uile, agus go gcuirfí san áireamh iad de réir mar is cuí agus iad ag ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim. Tá na ceanglais seo i bhfeidhm ó tugadh isteach an clár DEIS in 2005.

Thug Plean DEIS 2017 isteach trí théama bhreise (folláine, ceannaireacht agus forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL)). Níor ceanglaíodh ar scoileanna pleananna gníomhaíochta ar leith a cheapadh do na trí théama breise sin. Ina ionad sin, ina n-athbhreithniú bliantúil ar an bplean gníomhaíochta le haghaidh gach ceann de théamaí bunaidh DEIS, iarradh ar scoileanna riachtanais leanúnacha a shainaithint maidir le FGL chun tacú le cur i bhfeidhm teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán, agus bearta a shainaithint a thacódh le ceannaireacht na scoile agus le próiseas pleanála gníomhaíochta DEIS. Iarradh orthu freisin folláine na ndaltaí/scoláirí aitheanta agus iad siúd a raibh an baol ba mhó ag baint leo a shainaithint agus tosaíocht a thabhairt don mhéid sin.

Ceanglaítear ar scoileanna DEIS plean feabhsúcháin trí bliana a fhorbairt maidir leis na téamaí seo a leanas:Tinreamh

- Coinneáil
- Litearthacht
- Uimhearthacht
- Tacú le haistrithe oideachasúla.
- Rannpháirtíocht le tuismitheoirí agus daoine eile
- Gnóthachtáil i scrúduithe (in iar-bhunscoileanna amháin)
- Ceannaireacht
- Folláine
- FGL

Fíor 1. Téamaí DEIS (Plean DEIS 2017)

Is príomhaidhm é leanúint ar aghaidh ag cinntiú go ndíreofar tacaíochtaí DEIS, lena n-áirítear an deontas DEIS, ar na daoine is mó a bheidh i mbaol míbhuntáiste

oideachais.[16] Meastar gur gné thábhachtach den phróiseas pleanála é rannpháirtíocht scoláirí, tuismitheoirí, pobail áitiúla agus gníomhaireachtaí a oibríonn ag an leibhéal áitiúil. Ceanglaítear ar scoileanna na straitéisí agus na hidirghabhálacha atá beartaithe chun na spriocanna SMART a bhaint amach a leagan amach, ag cinntiú go bhfuil na hidirghabhálacha deartha chun freastal ar riachtanais na ndaltaí/scoláirí is mó i mbaol nó na ndaltaí/scoláirí aitheanta. Ní mór dóibh freisin na straitéisí agus na hidirghabhálacha seo a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar dhul chun cinn na bpleananna seo mar chuid den phróiseas feabhsúcháin scoile.[17]

Léirigh Ciorclán 0040/2016 (Iar-Bhunscoileanna)[18] agus Ciorclán 0039/2016[19] (Bunscoileanna) go bhfuil Plean Gníomhaíochta DEIS na scoile freisin mar phlean feabhsúcháin na scoile chun críocha na féinmheastóireachta scoile. Luaitear ann "Is gá do scoileanna sa chlár DEIS pleananna feabhsúcháin trí bliana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar choinníoll dá bpáirteachas in DEIS. Is iad na pleananna seo plean feabhsúcháin na scoile don fhéinmheastóireacht scoile, agus níl gá le haon phlean feabhsúcháin breise ná leithleach."

Tá cur síos anseo thíos ar phróiseas sé chéim na féinmheastóireachta scoile.

[16] An Roinn Oideachais (2020).Treoirlínte ar úsáid chuí Dheontas DEIS i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna DEIS. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.

[17] Tacaíonn an Chigireacht le próiseas na pleanála gníomhaíochta DEIS trína cuairteanna comhairleacha ar scoileanna agus trína clár meastóireachta. Soláthraíonn an Roinn nuashonruithe rialta agus treoir maidir le pleanáil gníomhaíochta DEIS ar a shuíomh Gréasáin www.schoolself-evaluation.ie. Soláthraíonn SFGM ceardlanna agus tacaíochtaí eile maidir le pleanáil gníomhaíochta DEIS. Leagtar amach in Aguisín D líon na gcuairteanna comhairleacha FMS a thug cigirí ar bhunscoileanna agus ar iar-bhunscoileanna DEIS idir 2017 agus 2020.

[18] An Roinn Oideachais (2016). Ciorclán 0040/2016 Leanúnachas Le Féinmheastóireacht Scoile A Chur I Bhfeidhm 2016-2020 - Iar-bhunscoileanna Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.

[19] An Roinn Oideachais (2016). Ciorclán 0039/2016 Leanúnachas Le Féinmheastóireacht Scoile A Chur I Bhfeidhm 2016-2020 - Iar-bhunscoileanna Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.




Fíor 2. Próiseas Sé Chéim na Féinmheastóireachta Scoile atá mar bhonn le pleananna DEIS

Mar sin, agus a plean gníomhaíochta DEIS á cheapadh acu, ní mór do gach scoil DEIS dul i ngleic le próiseas sé chéim na féinmheastóireachta scoile mar a leagtar amach thuas. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná fianaise a bhailiú agus anailís a dhéanamh ar shonraí chun breithiúnais a dhéanamh; tosaíochtaí forbartha agus feabhsaithe a leagan síos; plean feabhsúcháin DEIS a scríobh agus a roinnt; an plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm agus a thionchar a mheas.

Ceanglaítear ar scoileanna DEIS, fearacht gach scoile eile, a bplean gníomhaíochta a scrúdú go bliantúil agus na réimsí ina bhfuil dul chun cinn déanta a aithint agus an méid a baineadh amach na spriocanna a mheas. Is ag céim seo an athbhreithnithe bhliantúil gur féidir sonraí a bhaineann le spriocanna a leagan síos agus na hidirghabhálacha sonracha a cuireadh i bhfeidhm a athbhreithniú i dtéarmaí a n-éifeachtúlachta agus a dtionchar ar theagasc agus ar fhoghlaim agus ar thorthaí do dhaltaí/scoláirí. Tugann an próiseas seo deis do scoileanna spriocanna a bheachtú agus pleananna a choigeartú i bhfianaise an athbhreithnithe seo agus i bhfianaise riachtanais oideachais tosaíochta athraitheacha na ndaltaí/scoláirí.

## 1.3. Cur chun feidhme an phróisis pleanála gníomhaíochta DEIS a mheas i scoileanna: Meastóireachtaí DEIS 2017-2020

Baineann an Chigireacht úsáid as raon samhlacha cigireachta chun meastóireacht a dhéanamh ar scoileanna, scoileanna DEIS san áireamh, agus ar shuíomhanna eile foghlama ar bhonn bliantúil. Ina measc sin tá gearr-chigireachtaí teagmhasacha aon-lae, gan choinne, agus meastóireachtaí níos déine scoile uile, agus cigireachtaí leantacha faoi conas a chuir scoileanna i bhfeidhm moltaí a rinneadh i dtuairiscí cigireachta roimhe sin. Déantar cigireacht ar scoileanna Deis ag baint úsáid as raon de na samhlacha sin. Tá an tuarascáil seo bunaithe ar thátail na samhla cigireachta lena ndírítear ar Mheastóireacht ar Phleananna Gníomhaíochta le haghaidh Feabhsúcháin i scoileanna DEIS. Ó 2010 i leith, d'úsáid Cigireacht na Roinne Oideachais an tsamhail seo chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas pleanála gníomhaíochta scoilbhunaithe i mbunscoileanna DEIS i mBanda 1 agus in iar-bhunscoileanna DEIS. Foilsíodh tuarascálacha meastóireachta ilchodacha in 2011 ag cur síos ar na torthaí [20] [21]agus in 2015.[22] [23] Idir 2017 agus Márta 2020, rinne cigirí meastóireachtaí ar shampla de 40 bunscoil DEIS i mBanda 1 agus ar 38 iar-bhunscoil DEIS. Cuireann an tuarascáil seo i láthair na torthaí ilchodacha ó na seachtó a hocht tuarascáil mheastóireachta. Leagtar amach inti tátail na gcigirí maidir le ceannaireacht an phróisis i dtaca le pleananna gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúchán scoile, tátail cháilíochtúla maidir le ceannaireacht foriomlán na scoile, ar tátail iad a chuir cigirí ar fáil ina gcuid tuarascálacha agus tátail maidir le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa scoileanna DEIS a ndearnadh measúnú orthu. Tá gníomhaíochtaí meastóireachta DEIS agus an contanam cáilíochta a úsáideann Cigirí mar chuid den phróiseas meastóireachta ar fáil in Aguisín B.

---

[20] An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011a). Meastóireacht ar Phróisis Phleanála in Iar-bhunscoileanna DEIS. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna

[21] An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011b). Meastóireacht ar Phróisis Phleanála in mbunscoileanna DEIS. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna;

[22] An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015a). Ag Breathnú ar Phleananna Gníomhaíochta le hAghaidh Feabhsúcháin i mBunscoileanna DEIS. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

[23] An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015a). Ag Breathnú ar Phleananna Gníomhaíochta le hAghaidh Feabhsúcháin in Iar-bhunscoileanna DEIS. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Agus an tuarascáil ilchodach seo á hullmhú, baineadh úsáid as na foinsí fianaise seo a leanas:

- Daichead tuarascáil mheastóireachta faoi leith a eisíodh do bhunscoileanna tar éis meastóireachtaí DEIS
- Tríocha a hocht tuarascáil mheastóireachta faoi leith a eisíodh d'iar-bhunscoileanna tar éis meastóireachtaí DEIS
- Faisnéis ag eascairt as seachtó a hocht meastóireacht DEIS i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna a cuireadh isteach i gcóras bainistíochta faisnéise na Cigireachta.
- Sonraí ó thuarascálacha éagsúla a bhaineann le DEIS arna bhfoilsiú ag an Roinn agus ag gníomhaireachtaí eile.

## 1.4 Cantanam cáilíochta na meastóireachta

Agus cáilíocht phleananna gníomhaíochta scoileanna le haghaidh feabhsúcháin á meas i gcomhthéacs gach téama DEIS, d'úsáid cigirí contanam cáilíochta cúig phointe (an-mhaith, maith, sásúil, measartha agus lag). Tugadh rátáil ar an gcontanam cáilíochta do gach gné den phróiseas pleanála gníomhaíochta (cáilíocht na pleanála le haghaidh feabhsúcháin agus cáilíocht an chur i bhfeidhm agus na dtorthaí i dtaca le gach téama DEIS). Agus an tuarascáil seo á cur le chéile, úsáideadh téarmaí cainníochtúla chun céatadáin a léiriú, mar seo a leanas.

| Téarmaí cainníochtúla | Céadatán minicíochta |
|---|---|
| **I mbeagnach gach cás** | >90 |
| **Don chuid ba mhó** | 75 - 90 |
| **Tromlach** | 50 – 74 |
| **Níos lú ná leath** | 25 – 49 |
| **Líon beag** | 16 – 24 |
| **I gcúpla cás** | Suas le 15 |

Tábla 4. Téarmaí cainníochtúla a úsáidtear sa tuarascáil chumaisc seo

# Cuid 2 Torthaí na meastóireachta ar scoileanna DEIS 2017-2020

## 2.1 Cáilíocht na ceannaireachta maidir le pleananna gníomhaíochta DEIS

Is é an creideamh gurb é príomhthasc ceannairí scoile feabhas a chur ar thorthaí oideachais do scoláirí an taca atá faoi chreat na Roinne Oideachais le haghaidh ceannaireachta agus bainistíochta, atá leagtha amach i gCiorcláin[24] [25]agus in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016*.[26] [27] Is é cuspóir na ceannaireachta scoile (príomhoide agus baill den fhoireann bainistíochta ionscoile) comhchuspóir agus fís a chruthú don scoil agus timpeallacht a bhunú agus a chothú a chothaíonn ardchaighdeán i gcúram, foghlaim agus teagasc daltaí/scoláirí.

Tá an creat seo le haghaidh ceannaireachta agus bainistíochta, a cuireadh ar fáil i gciorcláin le déanaí agus i dtreoirlínte na Roinne Oideachais, bunaithe ar an tuiscint go mbíonn tionchar indíreach ach suntasach ag ceannairí éifeachtacha ar éifeachtacht scoileanna agus ar ghnóthachtáil na ndaltaí (Leithwood and Jantzi, 2000[28]; Day, Gu & Sammons, 2016[29]). Cuimsíonn an polasaí atá beartaithe do phríomhoidí ceannaireacht bhunathraithe agus ceannaireacht teagaisc mar chroílár ceannaireacht rathúil. Leagtar amach sna ciorcláin freisin na struchtúir chun an múnla dáilte ceannaireachta i scoileanna a chur chun cinn. Díríonn an tsamhail seo ar chumas ceannaireachta a thógáil trí róil agus freagrachtaí a shannadh ar fud na scoile. Trí róil fhoirmiúla

---

[24] An Roinn Oideachais agus Scileanna (2018a). Ciorclán 03/2018 Ceannaireacht agus Bainistíocht in Iarbhunscoielanna; DES (2018b).
[25] Ciorclán 70/2018. Cáilíocht na Ceannaireachta agus na Bainistíochta i mbunscoileanna; An Roinn Oideachais agus Scileanna (2018b) Ciorclán 70/2018. Cáilíocht na Ceannaireachta agus na Bainistíochta i mbunscoileanna. DES (2018b)
[26] An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016a). Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-bhunscoileanna. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna
An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016b). Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-bhunscoileanna. Baile Átha Cliath
[27] An Roinn Oideachais & Scileanna; ROS(2016b). Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta do bhunscoileanna. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.
[28] Leithwood, K. and Jantzi, D. (2000). The Effects of Transformational Leadership on Organisational Conditions and Students' Engagement. *Journal of Educational Administration* 38(2), 112-129
[29] Day, C. and Sammons, P. (2014). Successful School Leadership. Arna aisghabháil ó www.educationdevelopmentrust.com

cheannaireachta a chruthú (amhail poist do phríomhoidí cúnta) cuireann sé le cumas ceannaireachta na múinteoirí trí róil fhoirmiúla cheannaireachta a shannadh dóibh, mar shampla, ceannairí curaclaim, comhordaitheoirí RSO, cinn roinne, comhordaitheoirí ábhar agus meantóirí múinteoirí.

Gach seans go gcuirfidh an cheannaireacht dáilte le feabhsú na scoile agus le cur le hacmhainn inmheánach na scoile don obair seo (Harris, 2004)[30]. Tá an cineál seo ceannaireachta ailínithe go dlúth le ceann de phríomhspriocanna Phlean DEIS 2017, is é sin cumas ceannaireachta ceannairí scoile a fhorbairt chun na hacmhainní atá ar fáil a úsáid go héifeachtach agus an próiseas maidir le pleanáil gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin a bhainistiú chun gur fearr a bheidh na torthaí do gach foghlaimeoir.

## 2.2 Gnéithe de cheannaireacht éifeachtach i scoileanna DEIS

Múnlaíonn na comhthéacsanna ina mbíonn scoileanna agus a gceannairí ceannaireacht maidir le feabhsúchán scoile. Tá gach comhthéacs scoile uathúil agus cuimsíonn sé daltaí/scoláirí le leibhéil cumais agus cúlra éagsúla chomh maith le teaghlaigh, múinteoirí agus acmhainní. Is saintréithe na fachtóirí seo go léir de chleachtas ceannaireachta i scoileanna agus múnlaítear é leo (Coldren & Spillane, 2007, lch. 387). [31] Léiríonn taighde ar cheannaireacht éifeachtach scoile i scoileanna atá lonnaithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch go dteastaíonn raon scileanna, cáilíochtaí pearsanta agus eolais ó cheannairí éifeachtacha scoile (Darling-Hammond et

[30] Harris, A. (2004). Ceannaireacht dáilte agus feabhsúchán scoile *Educational Management Administration & Leadership*, 32(1), 11-24
[31] Coldren, A. F., & Spillane, J. P. (2007). Making connections to teaching practice: The role of boundary practices in instructional leadership. *Educational Policy*, 21(2), 360-396.

al. 2007).[32] Agus iad ag tarraingt ar an taighde seo, táthar ag súil go ndéanfaidh ceannairí rathúla agus straitéiseacha scoileanna DEIS na nithe seo a leanas:

- A chinntiú go gcuirtear cultúr dearfach scoile chun cinn agus go bhfuil gach ball foirne dírithe ar bhaint amach spriocanna agus cuspóirí DEIS agus tiomanta don mhéid sin. Bíonn tionchar ag ceannairí scoile ar **spreagadh**, ar thiomantas na foirne agus ar a gcoinníollacha oibre. Tá ceannairí ag gach leibhéal sa scoil i scoileanna rathúla a chothaíonn timpeallacht chothaithe agus iontaoibhe don fhoireann a chothaíonn, dá réir sin, folláine agus meas na foirne agus na ndaltaí/scoláirí. Múnlaíonn an bhainistíocht agus an fhoireann caidrimh dhearfacha agus cuireann siad luach orthu agus tuigtear do chách gur réamhriachtanas iad lena chinntiú go bhfuil rath ar an bhfoghlaim.

- Go bhfuil siad treoraithe ag **cuspóir morálta agus eiticiúil** arb é atá ann na deiseanna foghlama is fearr a sholáthar agus na hionchais is airde a bheith acu dá bhfoireann agus dá ndaltaí/ scoláirí. Tá an cuspóir morálta seo mar bhonn agus mar thaca ag misean agus fís a scoileanna.

- Tosaíocht a **thabhairt do cheannaireacht teagaisc**. Tugann Hallinger agus Murphy (2012) faoi deara go mbaineann ceannaireacht teagaisc le "próiseas tionchair lena n-aithníonn ceannairí treo don scoil, lena spreagann siad an fhoireann agus lena gcomhordaíonn siad straitéisí scoile agus straitéisí seomra ranga atá dírithe ar an teagasc agus an fhoghlaim a fheabhsú" (lch.7).[33] In iar-bhunscoileanna, tá ceannaireacht dáilte agus múinteoirí ríthábhachtach maidir le comhordú éifeachtach agus cur chuige foirne maidir le seachadadh clár curaclaim amhail Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh, an Idirbhliain, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta agus chun torthaí rathúla a bhaint amach do scoláirí.

---

[32] Darling-Hammond, L., LaPointe, M., Meyerson, D., Orr. M. T., & Cohen, C. (2007).*Preparing School Leaders for a Changing World: Lessons from Exemplary Leadership Development Programs.* Stanford, CA: Stanford University, Stanford Educational Leadership Institute.
[33] Hallinger, P., & Murphy, J. (2012). Running on empty? Finding the time and capacity to lead learning. *NASSP Bulletin, 97*(1), 5-21.

- Fís mhealltach a fhorbairt agus a **chur in iúl**; spriocanna comhroinnte a fhorbairt; dul i mbun pleanála agus eagrúcháin éifeachtaigh; daoine eile a spreagadh agus a ghríosú; agus ionchas a bheith ann maidir le hard-fheidhmíocht do chách.[34] Léiríonn taighde gurb iad na múinteoirí sin a bhfuil dúil acu go n-éireoidh go han-mhaith lena ndaltaí/scoláirí is mó a mbíonn tionchar acu ar thorthaí daltaí/scoláirí (Hattie, 2011).[35]

- Bíodh **meas agat ar líonrú agus ar chomhoibriú** laistigh den scoil. Baineann na príomhoidí seo leas as an saineolas agus as an eolas is féidir le gníomhaireachtaí seachtracha a thairiscint agus aithníonn siad na buntáistí a d'fhéadfadh comhpháirtíocht fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil le raon leathan grúpaí agus gníomhaireachtaí a sholáthar maidir le cur le heispéiris oideachais a ndaltaí/scoláirí nó le tacú lena gcuid daltaí/scoláirí a bhfuil sainriachtanais acu. Is mór ag na ceannairí seo cumarsáid agus ionchur na mball foirne ar fad i bhforbairt phlean gníomhaíochta straitéiseach na scoile.

- **Ceannaireacht dáilte mhúinteoirí** a chur chun cinn. Déanann ceannairí éifeachtacha i scoileanna DEIS freagrachtaí ceannaireachta maidir le pleanáil gníomhaíochta DEIS a roinnt agus a shannadh do bhaill foirne eile. Cuireann siad le cumas ceannaireachta ar fud a gcuid scoileanna. Tá ceannairí sinsearacha feasach ar láidreachtaí na foirne scoile agus cruthaíonn siad líonra nó foireann múinteoirí (agus freagrachtaí ceannaireachta ar go leor acu) a stiúrann próiseas pleanála gníomhaíochta DEIS.

- Feidhmíocht daltaí/scoláirí a chur chun **cinn trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL)** a sholáthar dá gcuid múinteoirí lena gcothaítear teagasc agus foghlaim ardchaighdeáin, lena spreagtar nuálaíocht agus lena ndéantar múinteoirí a chumasú. Déanann siad monatóireacht ar thionchar an phlean gníomhaíochta DEIS ar a gcuid daltaí/scoláirí, atmaisféar na scoile agus cáilíocht an teagaisc.

---

[34] Leithwood, K., Louis, K. S., Anderson, S., & Wahlstrom, K. (2004). *How leadership influences student learning*. New York: The Wallace Foundation.
[35] Hattie, J. (2008). Visible Learning: A synthesis of over 800 meta-analyses relating to achievement. Routledge: Abingdon.

## 2.3 Táscairí ar cheannaireacht sár-éifeachtach ar phróiseas pleanála gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin

Don staidéar seo, bhí na tréithe seo a leanas ag baint le ceannaireacht an-mhaith nó an-éifeachtach ar phróiseas pleanála gníomhaíochta DEIS ag príomhoidí agus foirne ceannaireachta:

**Cumarsáid**

- Struchtúir agus prótacail chumarsáide atá soiléir agus éifeachtach a bhunú; cothaíonn príomhoidí agus ceannairí sinsearacha eile fís chomhroinnte i measc na foirne agus an lucht bainistíochta chun pleanáil gníomhaíochta DEIS a chur chun cinn mar phróiseas ar fud na scoile chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú agus chun deiseanna saoil na ndaltaí/na scoláirí a fheabhsú ionas go mbainfidh siad a lánacmhainneacht amach.

**Pleanáil gníomhaíochta i gcomhair feabhsúcháin**

- **Cur chuige sé chéim** a chur i bhfeidhm **maidir le pleanáil gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin** (arna leagan amach sa phróiseas FMS) mar chuid bhunúsach de phróiseas pleanála gníomhaíochta DEIS.

**Bainistiú Sonraí**

- **Anailís a dhéanamh ar shonraí bonnlíne** agus ar fhaisnéis atá ar fáil don scoil, lena n-áirítear dearcthaí agus meonta na múinteoirí, na dtuismitheoirí agus na ndaltaí/na scoláirí agus sonraí ó mheasúnú foirmitheach agus suimitheach ionas go socrófar spriocanna intomhaiste chun na torthaí a bhfuiltear ag súil leo do dhaltaí/scoláirí a shainaithint.

**Spriocanna a leagan síos**

- **Spriocanna a leagan síos, mar aon le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh orthu** faoi na téamaí DEIS. Bíonn na spriocanna seo sainiúil, intomhaiste, insroichte, réalaíoch agus faoi cheangal ama (SMART) i bplean gníomhaíochta trí bliana.
- A chinntiú go n-aithnítear **na daltaí/na scoláirí is mó i mbaol** agus go socraítear spriocanna sonracha do na daltaí/na scoláirí sin lena chinntiú gur féidir idirghabhálacha agus acmhainní breise scoile a úsáid chun freastal ar a gcuid riachtanas.

**Meastóireacht ar bhonn scoile uile**

- Gach múinteoir ag léiriú leibhéil an-ard feasachta ar spriocanna scoile uile agus ar an ról seo acu maidir le cur le baint amach na spriocanna seo.
- Teagasc agus foghlaim a chur mar chuid lárnach den phróiseas feabhsúcháin scoile agus spriocanna i ngach téama a nascadh leis an obair sa seomra ranga
- Cleachtais éifeachtacha teagaisc agus foghlama a aithint agus iad seo a chomhtháthú go cuspóireach sna straitéisí chun tacú le pleanáil gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin
- Spriocanna DEIS ar fud na scoile a chomhtháthú i bpleananna ranga agus i bpleananna roinne an ábhar agus na spriocanna seo a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i gceachtanna i ranna na n-ábhar éagsúla (iar-bhunscoileanna).
- Gníomhaíochtaí nó straitéisí a roghnú do gach ceann de na téamaí DEIS atá bunaithe ar fhianaise agus a bhfuil an tionchar is mó acu ar fhoghlaim, ar fholláine agus ar rannpháirtíocht daltaí/ scoláirí na scoile.
- Ag tabhairt breac-chuntas ar raon leathan gníomhaíochtaí ar fud na scoile atá nasctha go dlúth leis na spriocanna a leagadh síos
- A chinntiú go gcuirtear gníomhartha i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na scoile.


**Monatóireacht agus athbhreithniú ar bhearta**

- Sonraí a bhailiú ar éifeachtacht na ngníomhartha agus na n-idirghabhálacha seo go minic i rith na scoilbhliana agus anailís a dhéanamh ar na sonraí seo chun éifeachtúlacht an chaoi a bhfuil an scoil ag úsáid a cuid acmhainní a thomhas
- Monatóireacht a dhéanamh ar an bplean lena chinntiú go bhfuil sonraí beachta agus fóntacha ar fáil agus gur féidir réimsí a bhfuil gá le tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu a aithint
- Achoimre ar an bplean feabhsúcháin a fhoilsiú do thuismitheoirí agus do bhaill eile de phobal na scoile ar mhaithe le dualgais tuairiscithe na scoile faoi Chiorcláin 0039/2016 agus 0040/2016 a chomhlíonadh.
- Monatóireacht ar phlean gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin a phlé ag cruinnithe an bhoird bhainistíochta.

## 2.4 Torthaí maidir le cáilíocht na ceannaireachta i dtaca le pleanáil gníomhaíochta DEIS


Díríonn an chuid seo ar thorthaí na Cigireachta maidir le cáilíocht na ceannaireachta sa phleanáil gníomhaíochta sna scoileanna DEIS a ndearnadh meastóireacht orthu. **Léirítear na torthaí le sleachta as an insint cháilíochtúil a cuireadh ar fáil sna tuarascálacha meastóireachta.**

Aimsíodh go raibh cáilíocht na ceannaireachta ar phlean gníomhaíochta DEIS go maith nó an-mhaith i mbeagnach trí cheathrú de na mbunscoileanna (73%) agus rátáil shásúil, mhaith nó an-mhaith ar an iomlán bainte amach ag beagnach gach bunscoil. Leagtar amach i bhfíor 3 thíos na torthaí do bhunscoileanna:




Fíor 3. Cáilíocht na ceannaireachta maidir le pleanáil gníomhaíochta DEIS imbunscoileanna(n=40)

Ní raibh na torthaí maidir le ceannaireacht ar phleananna gníomhaíochta DEIS ag leibhéal na hiar-bhunscoile díreach chomh dearfach leis na torthaí ag leibhéal na bunscoile agus rátáil maith nó an-mhaith bainte amach ag dhá thrian (66%) agus rátáil shásúil, mhaith nó an-mhaith bainte amach ag 84% de na scoileanna a ndearnadh meastóireacht orthu. Léirítear na torthaí seo i bhFíor 4 thíos.




Fíor 4. Cáilíocht na ceannaireachta maidir le pleananna gníomhaíochta DEIS in iar-bhunscoileanna (n=38)

Ina gcuid tuarascálacha, dhírigh cigirí ar cháilíocht na ceannaireachta ar phleananna gníomhaíochta lena n-áirítear cáilíocht na spriocanna a leagann scoileanna amach agus ar chineál comhoibríoch an phróisis maidir le pleananna gníomhaíochta. Dhírigh siad freisin ar chur i bhfeidhm na spriocanna agus ar mhonatóireacht agus ar mheasúnú a dhéanamh ar na spriocanna seo i dtéarmaí a dtionchar ar thorthaí na scoláirí. Rinne cigirí trácht freisin ar na struchtúir rialachais foriomlána sna scoileanna agus ar na fachtóirí a chuir le cáilíocht dhearfach na ceannaireachta ar an bpróiseas um pleanáil gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin.

## 2.4.1 Spriocanna a leagan síos

Mar chuid dá bhfócas ar fheabhsú scoile, ceanglaítear ar scoileanna pleananna gníomhaíochta a cheapadh a ionchorpraíonn spriocanna SMART faoi gach ceann de na téamaí DEIS. Ar an iomlán, fuair cigirí go raibh beartú spriocanna go maith nó go han-mhaith i 69% de na scoileanna a ndearnadh meastóireacht orthu. Is éard atá i gceist le leagan amach spriocanna ná sonraí agus fianaise a bhailiú, anailís a dhéanamh uirthi agus an fhaisnéis a úsáid chun spriocanna a cheapadh.

Bhunaigh bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a gcuid spriocanna SMART maidir le litearthacht agus le huimhearthacht ar anailís ar thorthaí daltaí/scoláirí ó thrialacha

caighdeánaithe chun aoiseanna léitheoireachta agus scileanna matamaitice a thomhas, agus ar thuairimí na múinteoirí ar fhoghlaim agus ar rannpháirtíocht daltaí/scoláirí le linn ranganna Béarla agus Matamaitice. Rinne iar-bhunscoileanna anailís freisin ar na sonraí atá ar fáil ó ghnóthachtáil scoláirí sna scrúduithe teistiméireachta agus, i gcásanna áirithe, i dtrialacha inniúlachta sa Mhatamaitic de chuid SFGM. Ceapadh spriocanna maidir le feabhas a chur ar scóir thorthaí trialacha caighdeánaithe agus freisin maidir le dearcthaí i leith na léitheoireachta agus/nó na Matamaitice a fheabhsú.

Is é an chéad chéim le spriocanna a shocrú ná go ndéanfadh múinteoirí anailís ar na sonraí atá ar fáil agus measúnú a dhéanamh ar a mhéid is gá réimsí feabhsúcháin ag leibhéal na scoile uile agus sna seomraí ranga. Ba chóir socrú spriocanna SMART bunaithe ar raon sonraí a aontú ag leibhéal na scoile uile, agus ansin iad a chur san áireamh mar is cuí i bpleanáil aonair na mball foirne uile agus ina n-ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim. Chuige sin, tugadh sárchleachtas faoi deara sna tuarascálacha meastóireachta a foilsíodh. Áiríodh na nithe seo a leanas i dtuairimí na gcigirí ar shocrú spriocanna éifeachtacha

> *Tá na spriocanna bunaithe ar shonraí agus tá siad sainiúil, intomhaiste, ábhartha agus insroichte. Baintear úsáid an-éifeachtach as sonraí staidrimh agus ar an anailís a dhéantar orthu gach bliain chun eolas bonnlíne a sholáthar a threoraíonn spriocanna feabhsúcháin na scoile. Baineadh úsáid freisin as roinnt sonraí maidir le meon ó shuirbhéanna ar mhúinteoirí, ar thuismitheoirí agus ar dhaltaí mar bhonn eolais don phróiseas socraithe spriocanna.*
>
> *I gcás gach téama DEIS, sainaithníodh spriocanna feabhsúcháin sainiúla agus intomhaiste do thosaíochtaí na scoile trí anailís sonraí an-éifeachtach. Tá na spriocanna seo nasctha go cúramach le raon gníomhartha straitéiseacha agus straitéisí feidhmithe, agus déantar athbhreithniú rialta ar chleachtas.*

Leagann pleanáil gníomhaíochta DEIS freagracht ar mhúinteoirí agus ar cheannairí scoile sainriachtanais a gcuid scoláirí a aithint agus straitéisí a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun freastal ar na riachtanais sin. Ceanglaítear ar scoileanna na daltaí/scoláirí is mó atá i mbaol mhíbhuntáiste oideachais a shainaithint agus acmhainní breise a dhíriú chun freastal ar a sainriachtanais ó thaobh tinrimh, coinneála, aistrithe, teagaisc agus foghlama. Moladh do roinnt scoileanna guth na ndaltaí/na scoláirí a bheith le feiceáil i ngach céim de phróiseas pleanála gníomhaíochta DEIS. Léiríonn an sliocht seo a leanas as tuarascáil chigireachta amháin an toradh sin:

*Tá scóip ann chun na daltaí a ionchorprú ar bhealach níos iomláine i ngnéithe den phróiseas pleanála. Go háirithe, is gá foráil a dhéanamh do bhailiú córasach, rialta faisnéise maidir le dearcthaí, meonta foghlama agus spéiseanna na ndaltaí, agus an fhaisnéis sin a úsáid i mbeartú spriocanna, i gcur i bhfeidhm na n-idirghabhálacha, agus sa mhonatóireacht ina dhiaidh sin ar an méid a bhfuil spriocanna bainte amach acu.*

Nuair a bhí dea-chleachtas nó sárchleachtas le sonrú, thug na cigirí faoi deara go raibh ceannaireacht teagaisc mar phríomhfhócas ag ceannairí scoile agus thug siad faoi deara na cleachtais seo a leanas ina dtuairiscí meastóireachta:

- Bhí cumarsáid an-mhaith agus ardfheasacht ann maidir le tosaíochtaí agus spriocanna DEIS i ngach suíomh foghlama agus ar fud na scoile. Roinneadh pleananna gníomhaíochta DEIS le baill foirne, tuismitheoirí agus baill den phobal. Chinntigh cumarsáid éifeachtach le tuismitheoirí agus le gníomhaireachtaí eile go raibh eolas forleathan ann maidir leis an raon tacaíochtaí atá ar fáil do gach leanbh agus tuismitheoir
- Bhí na múinteoirí go léir ina mbaill d'fhoirne éagsúla DEIS a stiúraigh forbairt agus cur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta (lena n-áirítear spriocanna SMART a cheapadh) do gach ceann de na téamaí. Ba é an toradh a bhí air seo ná úinéireacht agus freagracht chomhchoiteann as an bplean agus as a chur i bhfeidhm
- Bhí múinteoirí agus ceannairí scoile feasach ar spriocghrúpaí agus ar riachtanais foghlama na gcohórt éagsúla daltaí/scoláirí. Tugadh breac-chuntas ar spriocanna do ghrúpaí ar leith agus baineadh úsáid mhaith as an gContanam Tacaíochta agus an soláthar do raon riachtanas daltaí/scoláirí. Cuireadh idirghabhálacha i bhfeidhm lenar comhlíonadh riachtanais na ndaltaí/scoláirí spriocdhírithe Bhí measúnú agus rianú éifeachtach ar dhul chun cinn daltaí/scoláirí i bhfeidhm.
- Bhí na córais a cheap an scoil chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar idirghabhálacha agus ar athruithe ar chleachtais teagaisc cuimsitheach agus thug siad treoir don athbhreithniú agus don mheastóireacht ar spriocanna éagsúla DEIS. Baineadh úsáid as ***Ag Breathnú ar an Scoil Againne (2016)*** mar thagarmharc chun eispéiris agus torthaí foghlama a threorú
- Bhí feabhsuithe an-soiléir ar thorthaí na ndaltaí/scoláirí mar thoradh ar na spriocanna éagsúla agus idirghabhálacha éagsúla agus bhí rath leo i gcónaí.

Mar sin féin, fiú amháin nuair a cuireadh ceannaireacht shainiúil agus oiriúnaitheach ar fáil i scoileanna, shainaithin cigirí gnéithe den soláthar a d'fhéadfaí a fheabhsú, go háirithe sa tosaíocht a thugtar do ról lárnach foghlaim na ndaltaí/na scoláirí mar chroí-obair na scoileanna, na bpríomhoidí agus na múinteoirí. Mar thoradh air sin, sna scoileanna seo níor luadh spriocanna DEIS i dtéarmaí sonracha chun freastal ar riachtanais na ndaltaí/scoláirí is mó i mbaol. Agus aghaidh á tabhairt ar an gceist seo i dtuarascálacha meastóireachta foilsithe, mhol cigirí:

- Ba chóir spriocanna SMART a leagan síos do na scoláirí ar bhonn catagóirithe chun a chinntiú go léiríonn siad na cohóirt éagsúla daltaí/scoláirí sa scoil (m.sh. daltaí/scoláirí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu, daltaí/scoláirí a bhfuil drochthinreamh/drochphoncúlacht acu; /scoláirí a léiríonn rannpháirtíocht lag sa rang; daltaí/scoláirí ag tearcfheidhmiú sa litearthacht/ san uimhearthacht)
- Ba chóir spriocanna a lua i dtéarmaí feabhas a chur ar thorthaí daltaí/scoláirí (thar gach ceann de na téamaí DEIS)
- Ba chóir plean DEIS a chur in iúl ar bhealach níos éifeachtaí agus níos córasaí lena chinntiú go bhfuil úinéireacht ag gach múinteoir ar spriocanna uile DEIS agus ar ghníomhartha feabhsúcháin.
- Ba cheart na sonraí atá mar bhonn agus taca ag na spriocanna a fhiosrú ar bhealach níos cruinne i ngach ceann de na téamaí DEIS.

## 2.4.2 An plean gníomhaíochta DEIS a chur i bhfeidhm

Bhí forfheidhmiú an phlean gníomhaíochta DEIS láidir i gcónaí i mbeagnach trí cheathrú de bhunscoileanna agus dhá thrian de na hiar-bhunscoileanna. Bhreathnaigh cigirí ar raon ceachtanna agus idirghabhálacha chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi ar cuireadh pleananna chun litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú i ngníomh sa seomra ranga agus laistigh den scoil. Áit a raibh cur i bhfeidhm an phlean DEIS go maith nó go han-mhaith luaigh cigirí:

- Gur scaipeadh plean gníomhaíochta DEIS ar na múinteoirí go léir. Go raibh na spriocanna SMART ag teacht go dlúth le foghlaim na ndaltaí/na scoláirí. Go raibh tuiscint mhaith ag múinteoirí ar spriocanna agus straitéisí DEIS agus ar an gcaoi a ndeachaigh siad i bhfeidhm ar chleachtas an tseomra ranga

- Bhí na spriocghrúpaí daltaí/scoláirí sainithe go maith le haghaidh idirghabhála agus tacaíochta agus, dá réir sin, díríodh go cuí ar chur i bhfeidhm phleanáil DEIS
- Bhí straitéisí agus idirghabhálacha DEIS comhordaithe go maith agus curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus rinneadh dlúthmhonatóireacht agus athbhreithniú córasach orthu
- Chuaigh múinteoirí i ngleic go gníomhach le forbairt ghairmiúil chun tacú le baint amach spriocanna DEIS trí na hidirghabhálacha éagsúla
- Nuashonraíodh struchtúir an lae scoile chun fócas níos mó ar theagasc agus ar fhoghlaim a léiriú. D'athbhreithnigh iar-bhunscoileanna a n-amchláir le ceachtanna sceidealta d'uair an chloig in ionad tréimhse níos giorra de 45 nóiméad.
- Rinneadh athbhreithniú ar amchláir agus ar sholáthar foirne chun soláthar a dhéanamh d'uaireanta litearthachta/uimhearthachta agus idirghabhálacha fianaise-bhunaithe eile ar nós *Friends for Life*.

Nuair a nótáladh cur i bhfeidhm maith nó an-mhaith ar phlean gníomhaíochta DEIS, chinntigh ceannairí scoile go ndearnadh monatóireacht rialta ar na pleananna maidir lena dtionchar ar theagasc agus ar fhoghlaim. Chruthaigh agus rinne scoileanna éifeachtacha a gcuid sonraí féin a anailísiú chun a thaispeáint go raibh feabhas tagtha ar thorthaí nó go raibh spriocanna nó straitéisí coigeartaithe acu tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh.

Nuair a sainaithníodh cleachtas lag nó measartha i gcleachtais socraithe spriocanna, ní raibh ceannairí scoile agus múinteoirí in ann na tionscnaimh ab éifeachtaí ó thaobh tionchar ar dhaltaí/scoláirí a shainaithint. Thuairiscigh cigirí, cé gur cuireadh go leor de na hidirghabhálacha nó de na cláir i bhfeidhm go héifeachtach, nach raibh scoileanna tar éis a dtionchar a thomhas toisc nach raibh dul chun cinn daltaí/scoláirí á rianú ar bhealach córasach. Bhí easpa sonraí bonnlíne agus ceistiúchán ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil chun scoileanna a chur ar an eolas maidir le héifeachtúlacht a gcinnteoireachta ar fhoghlaim na ndaltaí/na scoláirí agus cé acu arbh iad na straitéisí agus na tionscnaimh a roghnaíodh lena gcur i bhfeidhm na cinn ab oiriúnaí chun freastal ar riachtanais an dalta/scoláire aonair. Dúshlán do na scoileanna seo ab ea cultúr cinnteoireachta bunaithe ar shonraí a chothú agus a threorú maidir le cleachtais teagaisc agus úsáid acmhainní.

### 2.4.3 Ceannaireacht bhunathraithe agus teagaisc

Chinn cigirí gur bhain príomhoidí an-éifeachtach (53% i mbunscoileanna agus 37% in iar-bhunscoileanna) úsáid as próiseas pleanála gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin chun feabhas ar fud na scoile a chinntiú lena n-áirítear feabhsuithe ar theagasc agus ar fhoghlaim, ar an atmaisféar sa scoil agus ar thorthaí foghlama na scoile. Sna scoileanna seo, ba léir tréithe na ceannaireachta teagaisc agus bunathraithe. Chinn na cigirí go raibh fís shoiléir chomhroinnte ag ceannairí scoile éifeachtacha don scoil, go raibh ionchais arda acu dá bhfoireann agus dá scoláirí agus go raibh meas acu ar láidreachtaí agus ar bhuanna na foirne chun cur le feabhsú na scoile. Sna scoileanna seo, thug cigirí faoi deara:

- Roinn an fhoireann ceannaireachta fís choiteann a dhírigh ar thimpeallacht dhearfach scoile a chruthú ina spreagtar agus inar tugadh tacaíocht do dhaltaí fanacht ar scoil agus a lánacmhainneacht a bhaint amach.
- Aithníodh buanna, spéiseanna agus cumas ceannaireachta múinteoirí mar chuid lárnach d'fheidhmiú rathúil phlean DEIS
- Chothaigh an príomhoide agus ceannairí scoile eile fís chomhroinnte maidir le cumasú agus le cruthaitheacht i dtaca le pleanáil gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin laistigh de phobal na scoile agus bhain siad lán-úsáid as acmhainní arna leithdháileadh ar a scoil
- Bhí luach ar an gceannaireacht dáilte agus bhí baill foirne an-tiomanta ag na scoileanna seo a raibh ionchais arda acu dá scoláirí. Sna scoileanna seo, bhí na tionscnaimh agus na hidirghabhálacha a cuireadh ar fáil bunaithe go daingean ar fhoghlaim daltaí/scoláirí a fheabhsú.

I scoileanna an-éifeachtach, rinne cigirí trácht ar an méid is a chuir príomhoidí an teagasc agus an fhoghlaim i gcroílár a gcuid oibre ceannaireachta. Sna scoileanna seo, bhí ceannaireacht an phlean DEIS comhchiallach leis an gceannaireacht teagaisc. Chuir plean gníomhaíochta DEIS eolas ar fheidhmiú laethúil na scoile agus bhí dlúthbhaint aige leis an gcleachtas sa seomra ranga. Mheas baill foirne ar cuireadh agallamh orthu le linn na meastóireachtaí go raibh plean DEIS lárnach dá gcuid oibre. Thug cigirí faoi deara go raibh cineálacha cur chuige foghlama gníomhacha agus dalta-lárnaithe i bhformhór na gceachtanna a breathnaíodh sna scoileanna seo, rud a bhí lárnach don obair agus dearbhú agus rannphairtíocht na ndaltaí mar phríomhghnéithe cleachtais. Chothaigh sé seo ar a sheal atmaisféar dearfach sa seomra ranga agus sa scoil.

## 2.4.4 Ceannaireacht dháilte éifeachtúil

Léiríonn tuairiscí meastóireachta go roinneann agus go ndáileann ceannairí an-éifeachtach i scoileanna DEIS freagrachtaí ceannaireachta i dtéarmaí phleanáil gníomhaíochta DEIS le baill foirne eile. Tá ceannairí sinsearacha feasach ar láidreachtaí na foirne scoile agus cruthaíonn siad líonra nó foireann múinteoirí (go leor acu le freagrachtaí ceannaireachta) a stiúrann próiseas pleanála gníomhaíochta DEIS.

Áit a raibh ceannaireacht na pleanála gnímh DEIS an-mhaith, bhí struchtúir an-éifeachtach i bhfeidhm sa scoil. Bhí croífhoireann DEIS curtha le chéile ag na scoileanna seo, ar a raibh baill den fhoireann bainistíochta shinsearach. Thug an múinteoir ceannais do gach téama tuairisc ar dhul chun cinn a ngrúpa ag cruinnithe seachtainiúla chroífhoireann DEIS. Thug cigirí faoi deara ina dtuairiscí gur sholáthair láithreacht baill den bhainistíocht shinsearach ar chruinnithe pleanála DEIS ceannaireacht, maoirseacht agus tacaíocht thábhachtach d’obair na bhfoirne seo agus don phróiseas pleanála.

Nuair a bhí ceannaireacht an-éifeachtach le sonrú, chinn cigirí:

- Go raibh príomhoidí agus baill eile den fhoireann bainistíochta shinsearach ar an eolas faoin gcreat in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne (2016)* le haghaidh feabhsú scoile. Bhí fiosrú déanta acu ar an dá ghné a mbíonn tionchar díreach acu ar fhoghlaim, ar thorthaí agus ar thaithí na scoláirí – teagasc agus foghlaim agus ceannaireacht agus bainistíocht. Bhí na caighdeáin agus na ráitis de chleachtas éifeachtach/an-éifeachtach sna gnéithe seo nasctha le próiseas Pleanála Gníomhaíochta DEIS
- Rinneadh athbhreithniú ar róil agus ar fhreagrachtaí na meáncheannairí i bhfianaise na gciorclán a d’fhoilsigh an Roinn Oideachais ina leagtar amach an

creat don cheannaireacht[36]. Rinneadh athbhreithniú ar na róil chun tosaíocht a thabhairt do cheannaireacht dáilte do gach téama DEIS.

Aithníodh an tábhacht a bhaineann le cumas ceannaireachta a thógáil, idir cheannaireacht fhoirmiúil agus cheannaireacht neamhfhoirmiúil, mar mhodh chun tacú le feabhsú scoile agus le pleanáil gníomhaíochta DEIS sna scoileanna DEIS a bhfuil an cheannaireacht is éifeachtaí acu.

## 2.4.5 Ceannaireacht scoileanna cónasctha

Bhí ar líon suntusach ceannairí bunscoileanna agus líon beag príomhoidí iar-bhunscoileanna aghaidh a thabhairt ar an bpróiseas feabhsaithe scoileanna agus ag an am céanna maoirseacht a dhéanamh ar chónascadh a scoile le scoileanna máguaird. Bhí ar phríomhoidí, ar fhoirne ceannaireachta scoile agus ar bhaill foirne na scoileanna sin cúram a dhéanamh de thosca casta scoile mar atá caidrimh nua a chruthú i measc ball foirne agus daltaí, beartais agus gnásanna nua a chruthú, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta DEIS nua chun an scoil nuabhunaithe a threorú agus chun timpeallacht dhearfach scoile a bhunú. Leis na tosca sin cuireadh dúshláin bhreise faoi cheannaireacht na scoile agus bhí tionchar acu ar an bpróiseas pleanála DEIS.

[36] An Roinn Oideachais agus Scileanna (2018a). Ciorclán 03/2018 Cáilíocht na Ceannaireachta agus na Bainistíochta in iar-bhunscoileanna; An Roinn Oideachais agus Scileanna (2018b). Ciorclán 70/2018 Cáilíocht na Ceannaireachta agus na Bainistíochta sna bunscoileanna


### 2.4.6 Deacrachtaí earnála sa phleanáil ghíomhaíochta DEIS

Cúis imní is ea gur fhorbair 10% d'iar-bhunscoileanna (4 scoil) plean gníomhaíochta DEIS mar aon le plean feabhsúcháin scoile FMS ar leith. Sna scoileanna sin, chonacthas an dá phróiseas pleanála araon mar chúraim ar leith. Feidhm thábhachtach de cheannaireacht scoile is ea a chinntiú go ndéantar an phleanáil le haghaidh feabhsaithe scoile tríd an bpróiseas pleanála gníomahíochta DEIS trí leas a bhaint as an bpóiseas FMS.

Teastaíonn tacaíochtaí breise ó scoileanna lena thuiscint gur é FMS an próiseas trína dtugtar faoin bpleanáil ghníomaíochta DEIS. Sa deireadh, tá fócas comhroinnte ag an bpleanáil gníomhaíochta FMS agus DEIS maidir le feabhas a chur ar thaithí agus ar thorthaí oideachasúla na scoláirí. Tá an phleanáil ghníomhaíochta shistéamach i gcomhair feabhsúcháin mar bhonn faoi FMS agus faoi DEIS. Ba chóir go dtuigfeadh scoileanna gurb ionann an plean gníomhaíochta DEIS agus plean feabhsucháin na scoile agus nach bhfuil plean feabhsúcháin breise ná ar leith de dhíth. Ba cheart cur chuige sé chéim FMS a chur i bhfeidhm maidir le pleanáil gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin ar an bpróiseas pleanála gníomhaíochta DEIS.

## 2.5 Torthaí maidir le cleachtas lag nó measartha sa phleanáil ghníomhaíochta DEIS i gcomhair feabhsúcháin

Cé gur beag líon foriomlán na samplaí scoileanna a bhí san áireamh sa mheastóireacht (78 scoil as 887 scoil DEIS san iomlán) cúis imní is ea go bhfuarthas go raibh cáilíocht fhoriomlán cheannaireacht na pleanála gníomhaíochta le haghaidh próisis feabhsúcháin measartha nó lag i measc 10% den sampla scoileanna a ndearnadh meastóireacht orthu (féach Fíor 5 thíos). Údar eile imní is ea gur san earnáil bhunscolaíochta is mó atá na scoileanna sin óna dteastaíonn ceannaireacht níos éifeachtaí sa phleanáil ghníomhaíochta DEIS. In dhá scoil, bhí athrú suntasach tar éis teacht ar bhaill foirne na bainistíochta sinsearaí agus bhí athruithe tar éis teacht ar cheannaireacht na scoile tráth na meastóireachtaí.




Fíor 5. Torthaí ilchodacha le haghaidh cheannaireacht phleanáil gníomhaíochta DEIS i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (l=78)

I gcúinsí eile, níor líonadh poist mheánbhainistíochta agus bhí easpa príomhphearsanra chun an próiseas pleanála gníomhaíochtaí a stiúradh. I roinnt scoileanna, cuireadh síos ar an gceannaireacht agus ar an mbainistíocht mar ’briste’ agus dúradh go raibh líon suntasach ball foirne diomúch agus nach rabhadar ag cur tacaíochtaí ar fáil don phríomhoide ná d’fhoireann ceannaireachta na scoile. Ní raibh plean gníomhaíochta DEIS reatha ag dhá scoil a ndearnadh iad a mheasúnú.

Cé go raibh scóp ann chun ceannaireacht a fhorbairt, bhí gá ann aird níos mó a thabhairt do cheann amháin de na cúinsí seo a leanas:

- Cur chuige níos córasaí agus níos comhordaithe i leith an phróisis phleanála DEIS fhoriomláin
- Leas a bhaint as próiseas féinmheastóireachta na scoile le bheith mar bhonn faoin bpleanáil gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin scoile
- Rannpháirtíocht na mball foirne ar fad sa phleanáil ghníomhaíochta DEIS agus pleananna a forbraíodh a chomhroinnt le baill uile na foirne
- Téamaí agus cuspóirí sonracha DEIS a phlé le linn cruinnithe foirne ar bhonn rialta

- Sonraí bonnlíne (a ghintear trí thionscnaimh a réamhthástáil agus a iarthástáil) a cheistiú agus a anailísiú chun déanamh cinntí a threorú i dtaobh cuspóirí a shocrú agus chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na dtionscnamh.
- Aird bhreise a leagan ar chuspóirí SMART a chumadh agus a scríobh atá nasctha le croí-obair na scoileanna; an mhúinteoireacht agus an fhoghlaim.
- Cuspóirí SMART a bhunadh ar anailís na sonraí ábhartha thar na téamaí DEIS agus straitéisí sonracha teagaisc agus foghlama ionranga curtha san áireamh a ndéantar iad a aontú, a chur i bhfeidhm agus a mhonatóiriú ar leibhéal scoile iomláine
- Plé a dhéanamh ar na torthaí a leagadh amach agus ar na straitéisí a úsáidfear chun na cuspóirí sin a bhaint amach in éineacht le baill foirne. Cinntiú go dtuigeann na baill foirne an difríocht idir cuspóirí agus straitéisí
- Cinntiú go dtacaítear le cuspóirí SMART a bhaint amach tríd an réimse tionscnamh atá á cur i bhfeidhm sa scoil.
- Aird níos mó a thabhairt ar mhonatóireacht agus ar mheasúnacht éifeachtúlacht na straitéisí ar leibhéal scoile uile agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta chun cuspóirí SMART a bhaint amach.

Maidir leis an bpleanáil gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin i scoileanna DEIS, moltar sa taighde gur gá do roinnt ceannairí scoile na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Feabhas a dhéanamh ar a dtuiscint i dtaobh féinmheastóireachta scoile agus i dtaobh an phróisis phleanála gníomaíochta DEIS. Caithfidh siad a aithint gur aonad aonair iad an plean feabhsúcháin scoile agus an plean DEIS atá bunaithe ar an bpróiseas sé chéim féinmheastóireachta scoile. Lena chois sin, caithfidh ceannairí scoile a thuiscint go bhfuil an phleanáil gníomhaíochta chórasach le haghaidh feabhsúcháin, atá bunaithe ar anailís réimse taighde, mar bhonn faoin bpleanáil gníomhaíochta DEIS.
- Ailínigh freagrachtaí meánbhainistíochta le riachtanais reatha na scoileanna agus le próiseas na pleanála gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin. Ba chóir go mbunódh ceannairí scoile struchtúir i scoileanna chun tacú leis an bpleanáil gníomhaíochta DEIS agus go n-ainmneoidís comhordaitheoir DEIS agus foireann pleanála DEIS chun an próiseas pleanála gníomhaíochta DEIS a stiúradh i dteannta leis an fhoireann bainistíochta shinsearach.
- Cuspóirí SMART a chruthú atá bunaithe ar shonraí iontaofa. Ba chóir dóibh a chinntiú go ndéanfaí monatóireacht agus measúnú ar thionchar na dtionscnamh

agus na n-idirghabhálacha éagsúla DEIS sa scoil, agus go ndéanfaí dul chun cinn na scoláirí a rianú.

- Plé a dhéanamh ar an bplean gníomhaíochta DEIS, ar na sonraí agus ar na cuspóirí le linn cruinnithe foirne foirmiúla chun úinéireacht an phlean ghníomhaíochta DEIS a chinntiú i measc ball foirne
- An teagasc agus an fhoghlaim a chur i lár an aonaigh i ngach cuspóir DEIS le go meabhrófar do scoileanna agus do mhúinteoirí a thábhachtaí atá croí-obair an tseomra ranga
- Ailínigh clár forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) na scoile leis an bplean gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin scoile chun creatlach an-éifeachtach a chur ar fáil i gcomhair athraithe ar leibhéal scoile uile agus ar leibhéal an tseomra ranga.

Cuireann na chéad rannáin eile i láthair tátail mhionsonraithe mheastóireachtaí na gcigirí ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama lena n-áirítear tráchtaireacht ar cháilíocht na forbartha gairmiúla leanúnaí. Tosaíonn an roinn ar gach téama le cuntas gairid ar fhachtóirí comhthéacs, ansin cuireann sé na torthaí ilchodacha ar fáil maidir leis an réimse a scrúdaíodh agus cuimsíonn sé sleachta as tuarascálacha chun léargas a thabhairt ar chleachtais sna seomraí ranga. Cuirtear táblaí i láthair a thaispeánann an céatadán de mhinicíocht cleachtais láidir nó lag don téama a ndearnadh meastóireacht air.

# Cuid 3 An tionchar atá ag pleanáil gníomhaíochta DEIS ar theagasc agus ar fhoghlaim i scoileanna DEIS

## 3.1 Comhthéacs

Ceann de na príomhchuspóirí atá ag Plean DEIS 2017 is ea taithí foghlama agus torthaí scoláirí i scoileanna DEIS a fheabhsú. Léiríonn taighde gurb é cáilíocht an mhúinteora an fachtóir is tábhachtaí a bhaineann leis an scoil maidir le torthaí feidhmíochta na scoláirí (Rivkin, Hanushek, agus Kain, 2005)[37]. Áitíonn Sanders agus Rivers (1996)[38] go ndéanann scoláirí a mbíonn múinteoirí éifeachtacha dá múineadh dul chun cinn go hacadúil ar rátaí arda agus go mbíonn tionchar breisitheach agus carnach ag múinteoirí maithe ar ghnóthachtáil na scoláirí thar leibhéil ranga. Lena chois sin, áitíonn siad gur iad na daltaí is lú gnóthachtála a mbeidh an tairbhe is mó acu ó mhéaduithe in éifeachtacht múinteoirí. Áitíonn Hattie (2003)[39] gur ionann an múinteoir agus 30% den difríocht i bhfoghlaim an scoláire. Áitíonn sé go mbíonn an tionchar is mó ar thorthaí na mac léinn ag múinteoirí a bhfuil ionchais arda acu do gach scoláire, agus a bhíonn de shíor ag lorg fianaise chun na hionchais seo a sheiceáil agus a fheabhsú (Hattie, 2012, lch. 81)[40]. Dá bhrí sin is cinntitheach ríthábhachtach i dtaobh gnóthachtáil an scoláire í cáilíocht na múinteoireachta.

---

[37] Rivkin, S.G., Hanushek, E.A. and Kain, J.F. (2005). Teachers, schools and academic achievement. *Econometrica*, Vol. 73, No. 2 (Márta, 2005), 417-458


[38]Sanders, W. L., & Rivers, J. C. (1996). Cumulative and residual effects of teachers on future student academic achievement. Knoxville, YN: University of Tennessee Value-Added Research and Assessment Centre.

[39] Hattie, J. (2003). Teachers Make a Difference, What is the research evidence? Paper presented at the Building Teacher Quality: What does the research tell us? Paper presented at the Building Teacher Quality: ACER Research Conference, Melbourne, An Astráil. Arna aisghabháil ó http://research.acer.edu.au/research_conference_2003/4/


[40] Hattie, J. (2012). Visible Learning for Teachers: Maximising Impact on Learning. Routledge, Londain agus Nua Eabhrac.

## 3.2 Torthaí

D'aimsigh cigirí go raibh tionchar maith nó an-mhaith ag pleanáil gníomhaíochta DEIS ar theagasc agus ar fhoghlaim i 75% de bhunscoileanna agus 63% d'iar-bhunscoileanna. Tá na torthaí seo léirithe i bhFíoracha 6 agus 7 thíos.





Fíor 6. Tionchar na pleanála gníomhaíochta ar theagasc agus ar fhoghlaim i mbunscoileanna




Fíor 7. Tionchar na pleanála gníomhaíochta ar theagasc agus ar fhoghlaim in iar-bhunscoileanna (n=38)

In ainneoin na dtorthaí dearfacha roimhe seo, tá líon suntasach scoileanna sa sampla (8%), sa dá earnáil, nach bhfuil tionchar fiúntach ag an bpróiseas pleanála gníomhaíochta DEIS chun feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama a breathnaíodh. Léirítear na torthaí seo i bhFíor 8 thíos.




Fíor 8. Torthaí foriomlána ar an tionchar atá ag pleanáil gníomhaíochta DEIS ar theagasc agus ar fhoghlaim i seomraí ranga bunscoile agus iar-bhunscoile (n=78)

Sna scoileanna is éifeachtaí a ndearnadh meastóireacht orthu, bhí tionchar an-dearfach ag próiseas pleanála gníomhaíochta DEIS ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama sna seomraí ranga. Sna scoileanna seo, bhí múinteoirí ar an eolas faoi phlean gníomhaíochta agus spriocanna DEIS agus ghlac siad páirt i gcur i bhfeidhm straitéisí bunaithe ar fhianaise ina gcuid teagaisc. D'aimsigh cigirí gur oibrigh múinteoirí le chéile mar fhoireann chun spriocanna a leagan síos, chun idirghabhálacha a phleanáil agus a chur i bhfeidhm sa seomra ranga. I measc na samplaí de dhea-chleachtais a breathnaíodh agus a tuairiscíodh i dtuarascálacha foilsithe bhí:

> *Tá cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa litearthacht agus san uimhearthacht go han-mhaith; Tá comhoibriú na múinteoirí, piarbhreathnóireacht agus cur chuige scoile uile le moladh go mór*

> *Tá fianaise an-mhaith ar chur i bhfeidhm comhoibríoch na straitéisí aontaithe agus bhí tionchar acu seo ar thorthaí foghlama do thromlach na ndaltaí.*

I 69% de na scoileanna, mheas cigirí go raibh an teagasc agus an fhoghlaim go maith nó go han-mhaith. Sna suíomhanna seo, ba léir go raibh raon leathan modheolaíochtaí, cur chuige agus straitéisí teagaisc ann go raibh na múinteoirí ag soláthar gníomhaíochtaí foghlama comhoibríocha agus tascbhunaithe luachmhara dá gcuid scoláirí. Bhain múinteoirí úsáid as straitéisí mar obair bheirte, soilse tráchta, cláir bhána, ticéid fágála agus bileoga KWL[41] chun na daltaí/scoláirí a mhealladh. D'aimsigh na cigirí gur chruthaigh múinteoirí go sciliúil eispéiris foghlama ardchaighdeáin a thug deis do gach dalta/scoláire gnóthachtáil agus ag an am céanna gur tugadh dúshlán do na daltaí/scoláirí is cumasaí. Sna suíomhanna seo, rinneadh ceachtanna a phleanáil go cúramach, bhí siad an-eagraithe agus bhí acmhainní maithe iontu. Nuair a bhí cleachtas an-mhaith le sonrú, d'aimsigh cigirí gur dócha go mbeadh buntáistí suntasacha ag baint le cleachtais ranga na múinteoirí do na daltaí/scoláirí san fhadtéarma.

## 3.3 Timpeallacht seomra ranga cuimsitheach i scoileanna DEIS

Le tabhairt isteach na samhla um Theagasc Oideachais Speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna in 2017[42], moladh do scoileanna raon tacaíochtaí teagaisc a chur ar fáil do dhaltaí/scoláirí lena n-áirítear teagasc foirne, teagasc i ngrúpaí beaga agus, nuair ba ghá, teagasc aonair chun dul i ngleic le sainriachtanais foghlama. Bhí teagasc foirne ar cheann de na straitéisí ar baineadh úsáid as chun timpeallacht foghlama cuimsitheach a chruthú agus breathnaíodh an cleachtas seo i mbeagnach gach bunscoil agus i roinnt suíomhanna iar-bhunscoile.

[41] Eagraithe grafacha is ea cairteacha KWL a mbaintear úsáid astu chun réamheolas na ndaltaí a ghníomhachtú roimh, i rith agus i ndiaidh ceachta. Spreagann siad na daltaí/scoláirí le trí cheist a fhreagairt ag céimeanna éagsúla i rith an cheachta - Cad atá ar eolas agat faoin topaic seo? Cad é ba mhaith leat a fháil amach faoin ábhar seo? Cad é a d'fhoghlaim tú?

[42] An Roinn Oideachais (2017). Ciorclán 14/17. Ciorclán chuig Údaráis Bhainistíochta gach Iar-Bhunscoile: Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna; Ciorclán13/17. Ciorclán chuig Údaráis Bhainistíochta na Leithdháilte Teagaisc Speisialta Oideachais do Bhunscoileanna Príomhshrutha go léir.

I mbeagnach gach bunscoil sa sampla, d'oibrigh múinteoirí ranga príomhshrutha i gcomhar le múinteoirí oideachais speisialta (MOSanna) chun eispéiris foghlama na ndaltaí agus a rannpháirtíocht san fhoghlaim a fheabhsú. Luaitear i dtuairiscí meastóireachta gur cuireadh raon idirghabhálacha ar fáil chun freastal ar theagasc idirdhealaithe amhail an tréanuair sa litearthacht, an Clár um Breith ar an Léitheoireacht, teagasc litearthachta i ngrúpaí beaga (SGLI) agus Uair na Matamaitice. Eagraíodh na seomraí ranga i stáisiúin nó i ngrúpaí éagsúla agus san áit inar breathnaíodh cleachtas éifeachtach, bhí na múinteoirí i mbun comhphleanála do na tionscnaimh mhúinteoireachta seo. Luaigh cigirí raon na múinteoireachta ardchaighdeáin mar seo a leanas:

> *D'úsáid múinteoirí raon tionscnamh lena n-áirítear rang-ghrúpaí difreáilte, teagasc stáisiúin agus tacaíocht aistarraingthe chun feabhas a chur ar fhorbairt litearthachta na ndaltaí thar na snáitheanna go léir.*
>
> *Is comhartha é an méadú atá tagtha le déanaí ar leitheadúlacht na múinteoireachta foirne ar an iarracht leanúnach i dtreo cur chuige cuimsitheach oideachais. I gcásanna inar breathnaíodh teagasc foirne le linn na meastóireachta, bhí sé pleanáilte agus ag feidhmiú go han-mhaith.*

Ar an ábhar go bhfuil an teagasc foirne ag céim níos luaithe dá fhorbairt san earnáil iar-bhunscoile, mhol na cigirí go ndéanfaí an cur chuige seo a fhorbairt tuilleadh le go bhféadfadh múinteoirí cleachtas oideolaíoch a roinnt agus a fhorbairt chun eispéiris seomra ranga na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú agus chun tacaíochtaí a sholáthar do scoláirí laistigh dá seomra ranga agus lena bpiaraí. Mhol siad go n-oibreodh na foirne céanna le scoláirí éagsúla thar na bliainghrúpaí chun comhsheasmhacht agus struchtúr níos fearr a thabhairt don obair a dhéantar sna seomraí ranga. Áit ar breathnaíodh sárchleachtas i suíomhanna iar-bhunscoile, rinne cigirí trácht ar na naisc shoiléire idir plean gníomhaíochta DEIS agus an contanam tacaíochtaí do dhaltaí.

I gcúpla suíomh, dúirt cigirí go gcaillfeadh na scoláirí am luachmhar teagaisc agus foghlama mar thoradh ar scoláirí a tharraingt siar le linn am ranga do ghníomhaíochtaí a d'eagraigh an Clár Críochnaithe Scoile. Mhol siad freisin gur cheart gníomhaíochtaí taitneamhacha a chur ar an gclár ama go luath ar maidin mar go gcuirfeadh sé seo poncúlacht agus tinreamh chun cinn. Ba chóir go mbeadh sé mar thosaíocht ag gach ceannaire scoile a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach dalta ar an gcuraclam iomlán.

I líon beag iar-bhunscoileanna, thug cigirí faoi deara go raibh straitéisí an-mhaith i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeadh daltaí ullmhaithe le haghaidh foghlama agus chun cabhrú leo iad féin a eagrú. Sna comhthéacsanna seo, thuairiscigh scoláirí ina ngrúpaí

fócais gur bhraith siad go raibh tacaíocht an-mhaith acu ó mhúinteoirí, go raibh dul chun cinn á dhéanamh acu agus gur tugadh comhairle mhaith dóibh maidir leis an dóigh chun a gcuid oibre agus a gcuid iompair a fheabhsú maidir leis an bhfoghlaim. Chuir cigirí in iúl gur éirigh leis na scoileanna seo tacú le scoláirí agus lena rannpháirtíocht i saol na scoile ionas go bhféadfaidís a lánacmhainneacht a bhaint amach.

## 3.4 Tionchar phleanáil gníomhaíochta DEIS ar phleanáil aonair múinteoirí

I scoileanna an-éifeachtach, bíonn tionchar ag Plean Gníomhaíochta DEIS ar chleachtais mhúinteoirí ag leibhéal ranga aonair. Oibríonn na múinteoirí le chéile chun pleanáil a dhéanamh agus lena chinntiú go gcuirtear na hidirghabhálacha agus na tionscnaimh i bhfeidhm go córasach ag gach leibhéal ranga/bliana. Tá baint soiléir ag plean DEIS le cleachtas an tseomra ranga agus tá straitéisí teagaisc agus foghlama mar chuid lárnach de na gníomhartha atá leagtha amach sa phlean. San áit a raibh an phleanáil is éifeachtaí sna seomraí ranga bunscoile, bhí idirdhealú déanta ag múinteoirí ar a bpleanáil do spriocghrúpaí éagsúla ina rang agus bhí tionscnaimh de réir na sainriachtanas foghlama faoi leith. Cuireadh tacaíocht ionranga ar fáil do dhaltaí a raibh sainriachtanais foghlama acu agus baineadh úsáid mhaith as *Contanam Tacaíochta* an oideachais speisialta chun freastal ar chumais agus riachtanais foghlama éagsúla. Thug tuarascáil mheastóireachta foilsithe amháin trácht ar phleanáil éifeachtach mar seo a leanas:

> *Aithníonn an plean spriocanna agus tionscnaimh do gach ceann de na téamaí DEIS. Tá na comhordaitheoirí an-tiomanta agus d'eagraigh siad éagsúlacht de thionscnaimh ardchaighdeáin atá nasctha go soiléir leis na réimsí aitheanta atá le feabhsú. Tacaíonn an fócas ar chomhphleanáil chuiditheach ag gach leibhéal ranga agus an obair foirne láidir atá ann le feasacht scoile uile agus cur i bhfeidhm na dtionscnamh agus na straitéisí comhaontaithe.*

I roinnt iar-bhunscoileanna, léirigh pleananna ábhar spriocanna DEIS agus bhí múinteoirí ar an eolas faoi phlean DEIS agus na spriocanna agus na straitéisí a bhí á gcur i bhfeidhm. Tugadh faoi deara roinnt sár-chleachtais nuair a bhí teimpléad pleanála ceaptha ag scoileanna chun tacú le pleanáil ranna ábhair a dhéanamh de réir phríomhspriocanna phlean DEIS. Leagadh amach sna teimpléid seo straitéisí scoile uile DEIS do chomhthéacsanna ábhair ar leith agus cuimsíodh iontu sonraí ar chleachtais

ranga scoile uile a thacaíonn le pleanáil DEIS, le tagairt ar leith do thionscnaimh litearthachta agus uimhearthachta.

## 3.5 Úsáid measúnaithe chun teagasc agus foghlaim a threorú

Sna scoileanna inar breathnaíodh teagasc maith nó an-mhaith, rinne cigirí tagairt d'úsáid dhearfach na gcleachtas measúnaithe chun treoir a thabhairt don teagasc agus don fhoghlaim agus chun cur le próiseas pleanála gnímh DEIS.  Tugadh le fios i bpríomhthuarascáil mheastóireachta a foilsíodh:

> *…úsáid an-mhaith as an measúnú chun eolas a thabhairt do chláir oiriúnacha foghlama. Bunaítear sonraí bonnlíne agus baintear úsáid éifeachtach as na sonraí sin chun eolas a thabhairt do ghrúpaí foghlama idirdhealaithe. Tá fillteán féinmheasúnaithe don réamh-thástáil agus iar-thástáil i Scríbhneoireacht na gCéad Chéimeanna ann do gach dalta (agus is gnéithe den chleachtas sa scoil iad).*

Trí oibriú le chéile agus labhairt faoi chleachtas gairmiúil, bíonn ról ríthábhachtach ag múinteoirí i bhforbairt a gcuid foghlama gairmiúla féin agus foghlaim a gcomhghleacaithe. Tá cleachtas gairmiúil comhoibríoch ag croílár na scoileanna éifeachtacha (Hattie, 2008; 2011)[43] agus is polasaí é a chuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta chun cinn trína creat Cosán.[44] Trí idirghníomhaíochtaí machnamhacha, déanann múinteoirí pleananna gníomhaíochta agus spriocanna a roinnt agus a athrú ina n-eispéiris phraiticiúla teagaisc agus foghlama chun cabhrú lena gcuid scoláirí ar bhealach iomlánaíoch. Sna scoileanna inar cuireadh síos ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim mar an-mhaith, thug cigirí faoi deara go ndeachaigh múinteoirí i ngleic go córasach le cleachtas machnamhach agus go ndearnadh athbhreithniú rialta

---

[43] Hattie, J. (2008). Foghlaim Infheicthe. Abingdon, Oxon: Routledge
Hattie, J. (2011). Visible Learning for Teachers. New York, NY, US: Routledge/Taylor Francis.
[44] Teaching Council (2016). Cosán; The Framework for Teachers' Learning. Maigh Nuad An Chomhairle Mhúinteoireachta Arna aisghabháil ó https://www.teachingcouncil.ie/en/Publications/Teacher-Education/Cosan-Framework-for-Teachers-Learning.pdf

ar na hidirghabhálacha go léir chun an tionchar is mó a chinntiú ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil daltaí/scoláirí.

Nuair ba léir go cleachtas éifeachtach nó fíor-éifeachtach ann, phleanáil na múinteoirí eispéiris ghníomhacha foghlama dá ndaltaí/scoláirí agus threoraigh iad le tuiscint a fháil ar an dóigh le feabhas a chur ar a gcuid foghlama. Baineadh úsáid go forleathan as cleachtais mhúnlaitheacha mheasúnaithe sna suíomhanna seo agus thuig daltaí/scoláirí an dóigh le féinmheastóireacht a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus an dul chun cinn a bhí á dhéanamh acu sna réimsí éagsúla den churaclam. I roinnt seomraí ranga, thug cigirí faoi deara gur chóir cleachtais mheasúnaithe a fheabhsú agus a leathnú chun cumas agus inniúlachtaí daltaí/scoláirí a chur san áireamh.

Sna scoileanna ina raibh cleachtais teagaisc, foghlama agus mheasúnaithe lag nó measartha, mhol na cigirí do mhúinteoirí díriú níos soiléire ar spriocanna DEIS a bhaint amach.

I roinnt scoileanna ina raibh teagasc ar ardchaighdeán le sonrú, bhí spás ann fós chun feabhas a chur ar shonraí a aimsítear trí chleachtais mheasúnaithe a cheistiú agus spriocanna a leagan síos agus idirghabhálacha a roghnú. Thrácht cigirí ar na gnéithe seo a leanas:

> *Níl an leagan amach spriocanna d'fheabhsú na litearthachta agus na huimhearthachta dírithe go leor chun an tionchar is fearr a bhaint as an teagasc ar ardchaighdeán a breathnaíodh. Cuirfear tuilleadh feabhais ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim trí chur chuige socraithe spriocanna áit a mbeidh níos mó eolais faoi shonraí trína shainaithnítear leibhéil chumais na ndaltaí mar bhonn eolais faoi.*

Tá an sliocht seo a leanas le léamh i gcóras bainistíochta faisnéise na Cigireachta:

> *Bailítear saibhreas eolais ag leibhéal na scoile uile. Léiríonn na hoidí go bhfuil eolas an-mhaith acu ar riachtanais na bpáistí. Tugtar comhairle don scoil úsáid a bhaint as an saibhreas eolais a bhailítear chun spriocanna níos fiúntaí a fhorbairt do gach leibhéal ranga bunaithe ar riachtanais aitheanta na ndaltaí agus chun a chinntiú go bhfuil sprioc ann do na réimsí tosaíochta a aithnítear a thacaíonn le straitéisí chun an sprioc a bhaint amach.*

Tugadh comhairle do scoileanna freisin níos mó aiseolais a thabhairt do dhaltaí/scoláirí chun tacú leo ina gcuid foghlama, agus mhol cigirí ach go háirithe gur cheart go bhfaigheadh daltaí/scoláirí aiseolas leanúnach níos comhsheasmhaí ina gcóipleabhair

agus gur chóir go gceapfaí polasaí scoile uile ar mheasúnú foirmitheach chun cleachtas a threorú.

## 3.6 Torthaí maidir le cleachtas lag nó measartha sa phleanáil do cháilíocht an teagaisc agus na foghlama

I mbreis agus aon trian de bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, bhí tionchar sásúil nó measartha ag próiseas pleanála gníomhaíochta DEIS ar theagasc agus ar fhoghlaim. I roinnt scoileanna, déantar cur síos ar go leor gníomhartha agus idirghabhálacha dearfacha i bplean DEIS, ach ní raibh baint ag mórán acu seo le teagasc agus foghlaim a fhorbairt sa seomra ranga. I scoileanna eile, bhí réimse leathan straitéisí á fheidhmiú chun tacú leis an litearthacht agus leis an uimhearrtheacht ach ní raibh baill foirne ar an eolas faoi spriocanna ag leibhéal na scoile ná faoin gcaoi ar thug na hidirghabhálacha aghaidh ar na spriocanna do ghrúpaí áirithe daltaí. Mhol cigirí go socródh múinteoirí, ina rannóga ábhair ag leibhéal na hiar-bhunscoile nó ag leibhéil éagsúla ranga ag an mbunleibhéal, spriocanna cuí agus go bhforbródh agus neadódh siad sraitéisí teagaisc agus foghlama gníomhaí ina gcuid oibre sa seomra ranga. Mhol siad chomh maith go bhfeabhsófaí difreáil taobh istigh den rang príomhshrutha agus gur chóir gach sprioc DEIS a bhunú i gcroí-obair na scoileanna; teagasc agus foghlaim.

Thug na cigirí faoi deara nach raibh múinteoirí sna scoileanna seo ag tabhairt faoina ndóthain gníomhaíochtaí réamh-mheasúnachta sular tugadh idirghabhálacha isteach. Ar an gcaoi chéanna, ní raibh roinnt múinteoirí ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí measúnachta iar-idirghabhála chun cabhrú leo anailís a dhéanamh ar an gcaoi a raibh tionscnaimh ag imirt tionchair ar thorthaí daltaí. Mhol cigirí gur chóir do mhúinteoirí leas a bhaint as tacaíochtaí breise forbartha gairmiúla i réimsí an tsoláthair oideachais speisialta, úsáid a bhaint as sonraí chun bonn eolais a chur faoin teagasc agus foghlaim, agus an uimhearthacht.

In dhá scoil, sainaithníodh easpaí troma maidir leis an gceannaireacht agus teagasc agus foghlaim. I gcomhthéacs amháin, thug an fhoireann meastóireachta faoi deara go raibh tionchar diúltach suntasach ar thorthaí foghlama mar gheall ar mheanma agus míshástacht na foirne, asláithreachas i measc múinteoirí agus scoláirí, agus an easpa fócais ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim. Sa chás go raibh fianaise ar cheannaireacht lag, níor tugadh aghaidh ar na dúshláin thromchúiseacha seo agus ní

dhearnadh dul chun cinn le feabhsuithe sa teagasc agus foghlaim ná leis an bpróiseas pleanála gníomhaíochtaí DEIS.[45]

Ba lag an tsamhail tacaíochtaí do scoláirí a raibh riachtanais foghlama acu i roinnt i scoileanna agus braitheadh an iomarca ar scoláirí a tharraingt siar ón rang príomhshrutha le haghaidh tacaíochtaí breise.

> *Fadhb ar leithligh é an soláthar oideachais speisialta. Is é an t-aon samhail tacaíochta atá in úsáid ná an tarraingt siar agus níl sé seo sásúil sa chaoi a ndéantar bainistiú air. ... Ba chóir taighde a dhéanamh ar chineálacha breise tacaíochta, amhail an teagasc foirne, agus iad a fheidhmiú agus ba chóir acmhainní breise foirne a úsáid dá gcuspóirí sannta.*

Thug cigirí faoi deara i roinnt bheag iar-bhunscoileanna go raibh díspreagadh á dhéanamh ar scoláirí mar gheall ar a mhinice is a bhí ranganna saora ag scoláirí mar gheall ar asláithreachas múinteoirí agus mar thoradh air seo bhí drochthinreamh ann i measc scoláirí. Mhol siad go dtabharfaí aghaidh ar na cleachtais seo agus go laghdófaí iad.

I roinnt bheag scoileanna, bhí cigirí cáinteach faoin gClár Idirbhliana a soláthraíodh. Fuair siad gur éirigh scoláirí sna scoileanna seo scoite amach agus ba lag a spreagadh chun bheith rannpháirteach. Thagadh daltaí isteach déanach, d’fhágadh siad luath agus chaillidís ranganna. Ní raibh seasmhacht ann ó thaobh obair bhaile a thabhairt do scoláirí agus bhí sé deacair ar na scoláirí go minic an obair bhaile a chríochniú. Fuair na cigirí go raibh eagsúlacht san aiseolas a tugadh do scoláirí. Mhol na cigirí gur chóir polasaí scoile uile a fhorbairt maidir le hobair bhaile agus soláthar aiseolais mhúnlaithigh agus gur chóir é a fheidhmiú ar fud na scoile. I scoil eile arís, fuair cigirí go raibh nótaí

---

[45] Baineann an Chigireacht úsáid as réimse leathan samhlacha comhairleacha agus meastóireachta chun leanúint suas ar ghnéithe suntasacha den chleachtas a ndéantar meastóireacht orthu mar ghnéithe laga, measartha agus go dona le linn meastóireachtaí scoile. Áirítear leo seo meastóireachtaí leantacha, cigireachtaí teagmhasacha, cuairteanna comhairleacha agus cuairteanna comhairleacha feabhsúcháin scoile.

tráchta na múinteoirí i ndialanna na scoláirí diúltach den chuid is mó agus mar gheall ar dhrochatmaisféar, bhí an rannpháirtíocht san fhoghlaim lag chomh maith.

## 3.7 Torthaí maidir le cleachtas maith agus an-mhaith sa phleánáil don chaighdeán teagaisc agus foghlama

Áirítear an méid seo a leanas i measc na gcodanna lárnacha den rath i dtaca leis an teagasc agus foghlaim i scoileanna DEIS:

- Ionchais arda i leith torthaí do gach foghlaimeoir a leagan síos
- Straitéisí follasacha teagaisc a úsáid le cinntiú go bhfuil daltaí/scoláirí spreagtha, gníomhach ina gcuid foghlama agus go mbíonn rath orthu
- Múinteoirí ranga/ábhair agus múinteoirí oideachais speisialta ag obair i gcomhar lena chéile chun deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí/scoláirí chun foghlaim i dtimpeallacht foghlama ionchuimsitheach
- Ullmhú don teagasc agus foghlaim ionas go gcomhlíonfaí riachtanais na ndaltaí/scoláirí a ndírítear orthu
- Cumas teagaisc a thógáil chun cláir nó tionscnaimh nua a fheidhmiú nó cleachtais nua teagaisc agus mheasúnaithe a ghlacadh
- Sonraí measúnaithe a úsáid chun bonn eolais a chur faoin teagasc agus foghlaim, chun monatóireacht a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach is atá straitéisí éagsúla teagaisc agus chun aird a tharrangt ar réimsí le hghaidh foghlaim ghairmiúil do bhaill foirne
- Aiseolas a sholáthar do dhaltaí/scoláirí faoin gcaoi a bhfuil ag éirí leo lena gcuid foghlama agus na céimeanna is féidir leo a thógáil chun a dtorthaí foghlama a fheabhsú
- Gabháil i mbun cleachtais mhachnamhaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas múinteoirí agus d’fhonn a  chinntiú go bhfuil an teagasc ag freastal ar riachtanais foghlama na ndaltaí/scoláirí
- Glacadh le cleachtais teagaisc agus struchtúir cheachta a thacaíonn le feidhmiú clár a bhfuil fianaise mar bhonn eolais fúthu.

## 3.8 Impleachtaí na dtorthaí measúnachta DEIS ar an teagasc agus foghlaim

Ar an iomlán, fuarthas gur maith an caighdeán teagaisc agus foghlama i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna DEIS. Mhol na cigirí, áfach, go bhféadfadh scoileanna an teagasc agus an fhoghlaim a fheabhsú tuilleadh ach tosaíocht a thabhairt do na gnéithe seo a leanas den chleachtas:

- Úsáid a bhaint as straitéisí foghlama gníomhaí atá dírithe ar an dalta/scoláire ionas go mbeidh daltaí/scoláirí spreagtha agus spéis acu ina bhfoghlaim
- Ba chóir polasaí scoile uile a fhorbairt agus a fheidhmiú maidir le soláthar aiseolais forbartha ardchaighdeáin i scríbhinn do dhaltaí/scoláirí maidir lena gcuid oibre
- Ba chóir spriocanna DEIS a cheangal le spriocanna atá sonrach don ábhar nó don churaclam, agus ba chóir do rannóga ábhair agus do mhúinteoirí ranga glacadh le straitéisí cuí teagaisc agus foghlama
- Ba chóir na tomhaiseanna chun spriocanna a bhaint amach a bheith bunaithe ar chroí-obair an teagaisc agus na foghlama sa seomra ranga, ba chóir do mhúinteoirí, ina ranganna agus ina rannóga ábhair, spriocanna cuí a leagan síos agus straitéisí teagaisc agus foghlama a fhorbairt chun na spriocanna seo a bhaint amach
- Ba chóir, chomh fada agus is féidir, laghdú a dhéanamh ar a mhinice a bhíonn ranganna saora ag scoláirí (ag an iar-bhunscoil) mar gheall ar asláithreacht múinteoirí, rud atá ina dhíspreagadh dóibh agus a mbíonn drochthinreamh i measc scoláirí mar thoradh air
- Chomh maith le sonraí bonnlíne a bhailiú chun tacú le spriocanna DEIS don uimhearthacht agus litearthacht, ba chóir scoileanna a chinntiú go ndéantar ath-thástáil ar dhaltaí/scoláirí chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus é a rianú agus chun na hidirghabhálacha a shainaithint a bhfuil tionchar acu ar rannpháirtíocht daltaí/scoláirí san fhoghlaim agus ar a dtorthaí foghlama
- Ba chóir do scoileanna aird níos mó a tharraingt ar an difreáil taobh istigh de cheachtanna ionas go bhféadfaidh daltaí/scoláirí páirt ghníomhach a ghlacadh agus go mbeidh rath orthu. Trí theagasc oideachais speisialta a chur ar fáil taobh istigh den rang tríd an teagasc foirne agus trí thionscnaimh eile, ba chóir go dtacófaí le daltaí/scoláirí a dteastaíonn tacaíochtaí sonracha uathu ina gcuid foghlama.

# Cuid 4 Forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí

## 4.1 Comhthéacs

Tugann Plean DEIS 2017 tosaíocht d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí i scoileanna DEIS. Tacaíonn an polasaí seo chomh maith le coincheap an fheabhsúacháin teagaisc agus foghlama múinteoirí trí rochtain a fháil ar ghmíomhaíochtaí foghlama gairmiúla ardchaighdeáin agus forbairt a dhéanamh ar shaineolas ábhair atá nasctha lena bhfreagrachtaí teagaisc. Go háirithe, i gcás na mbunscoileanna a bhí san áireamh den chéad uair sa Chlár DEIS in 2017, chuir an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) raon tacaíochtaí ar fáil dóibh chun cur ar a gcumas cláir fianaise-bhunaithe a fheidhmiú amhail Breith ar an Matamaitic agus Breith ar an Léitheoireacht.

San áireamh sa tsamhail forbartha gairmiúla leanúnaí a úsáidtear do na tionscnaimh seo, ag leibhéal na bunscoile, áirítear sraith ceardlann bainteach, comhráití gairmiúla ar an láthair agus gníomhaíochtaí machnaimh le ceannaire múinteoireachta. Dearadh an struchtúr láidir forbartha gairmiúla seo atá leabaithe i bpost múinteoirí chun cabhrú le scoileanna teagasc níos suimiúla, níos críochnúla agus níos baintí agus tuilleadh foghlama agus eispéireas seomra ranga difreáilte a chur ar fáil do dhaltaí/scoláirí. Cuireadh forbairt ghairmiúil ar fáil do scoileanna i dtaca leis an Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte agus leis an Ráiteas Polasaí Folláine agus an Creat don Chleachtas 2018-2023[46]. Chomh maith le hatmaisféar dearfach a thógáil agus rannpháirtíocht iomlán daltaí/scoláirí a spreagadh ina gcuid foghlama agus ina saol

[46] Roinn Oideachais agus Scileanna (2019) Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat don Chleachtas. Arna aisghabháil ó https://www.education.ie/en/Publications/

scoile, fuair scoileanna DEIS oiliúint ó shiceolaithe NEPS ar chláir fholláine fhianaise-bhunaithe, lena n-áirítear *Incredible Years* (bunleibhéal) agus an clár *Friends* (leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile). I measc na forbartha gairmiúla leanúnaí a chuirtear ar fáil do scoileanna DEIS tá béim ar athrú curaclaim ag leibhéal náisiúnta (Teanga Bunscoile ag leibhéal na bunscolaíochta agus tabahirt isteach na Sraithe Sóisearaí ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta).

Tá tosaíocht tugtha ag an Roinn seo don soláthar clár ionduchtúcháin agus meantóireachta do phríomhoidí nua tríd an Lár-Ionad Ceannaireachta Scoile agus tríd an gclár Misneach arna sholáthar ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM). Cuireann an SFGM forbairt ghairmiúil ar fáil do phríomhoidí tríd an gclár Forbairt agus do leas-phríomhoidí tríd an gclár Tánaiste. Tacaíonn an SFGM le príomhoidí agus ceannairí eile scoile maidir le ceannaireacht um pleanáil gníomhaíochta DEIS trí na cláir cheannaireachta seo. Eagraíonn líonra an Lár-Ionaid Oideachais líonraí tacaíochta do phríomhoidí agus leas-phríomhoidí, áit inar féidir le ceannairí scoile smaointí a mhalartú agus foghlaim óna bpiaraí. Faigheann múinteoirí nua-cháilithe tacaíochtaí óna gcomhghleacaithe múinteoireachta tríd an bpróiseas Droichead[47].

## 4.2 Torthaí maidir le cleachtas maith agus an-mhaith sa phleánáil don chaighdeán forbartha gairmiúla

Rinne cigirí trácht ar an soláthar um fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) i mbeagnach leath de na tuairiscí meastóireachta iar-bhunscoile agus i mbeagnach gach ceann de na tuairiscí bunscoile. Braitheann an chuid seo, mar sin, ar an insint a thugtar sna tuairiscí seo chun léiriú a thabhairt ar thorthaí agus ar threochtaí.

---

[47] Is éard is Droichead ann ná Creat Ionduchtaithe Gairmiúil Comhtháite na Comhairle Múinteoireachta do mhúinteoirí nua-cháilithe

I mbeagnach leath de na hiar-bhunscoileanna, bhain múinteoirí leas as deiseanna chun a scileanna a mhéadú thar raon réimsí, lena n-áirítear riachtanais oideachais speisialta, straitéisí teagaisc agus foghlama, meastóireacht mhúnlaitheach, agus feidhmiú na Sraithe Sóisearaí. I roinnt bheag scoileanna, cuireadh forbairt ghairmiúil ar fáil go hinmheánach, áit ar scaip na múinteoirí na torthaí óna gcúrsaí agus inar múnlaíodh straitéisí agus cuir chuige lena gcomhghleacaithe. Thug cigirí faoi deara ina gcuid tuairiscí chur thacaigh bainisteoirí na scoileanna le múinteoirí chun a bheith páirteach in FGL, rud a bhí lárnach i roinnt téamaí DEIS. Bhí roinnt múinteoirí i mbun oiliúna ceannaireachta teagaisc nó gníomhach le tionscadail taighde gníomhaíochta. Bhí roinnt múinteoirí páirteach i líonraí múinteoirí, a dhírigh ar théamaí DEIS, eagraithe trína gcomhlacht pátrúnachta (amhail an ETBI).

Sna tuairiscí meastóireachta bunscoile, thug na cigirí faoi deara go raibh cultúr láidir forbartha gairmiúla leanúnaí sa chuid ba mhó de scoileanna. Rinne siad trácht ar an tionchar dearfach suntasach ar fheidhmiú spriocanna DEIS agus gníomhaíochtaí tosaíochta mar gheall ar an saineolas a d’fhorbair múinteoirí trí rannpháirtíocht le tionscnaimh fianaise-bhunaithe amhail Breith ar an Matamaitic agus Breith ar an Léitheoireacht. Ba iad na comharthaí sóirt a bhí ag scoileanna a rinne infheistiú suntasach san fhorbairt ghairmiúil ná teagasc an-mhaith, saineolas agus muinín méadaithe ag múinteoirí agus idirghabhálacha seomra ranga a roghnaíodh chun freastal ar riachtanais daltaí/scoláirí aonair. Is eiseamláir de na cleachtais seo iad na notaí tráchta seo a leanas ó thuairiscí cigireachta:

> *Tá múinteoirí na scoile seo an-tiomanta d’fhorbairt ghairmiúil leanúnach maidir le teagasc na litearthachta. Tá tionchar an-dearfach aige seo ar sheachadadh tionscnamh litearthachta ar leith agus ar theagasc agus ar fhoghlaim na litearthachta ó lá go lá.*
>
> *Tá an chuid is mó de bhaill na foirne uimhearthachta tar éis FGL bhreise a dhéanamh sa réimse Breith ar an Matamaitic, agus tá eolas ar an gcur chuige seo roinnte go han-éifeachtach ar fud na scoile, go háirithe trí mhodheolaíochtaí dea-chomhordaithe tacaíochta ionranga agus de bharr go bhfuil oiliúnóir do Breith ar an Matamaitic ar an bhfoireann.*

Bhain scoileanna leas freisin as forbairt ghairmiúil i bpróiseas pleanála gníomhaíochta DEIS. Léiríonn na tuairimí seo a leanas, a tugadh faoi deara i dtuarascálacha meastóireachta foilsithe, na torthaí seo:

> *Tá cultúr láidir d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach sa scoil agus cuireann an saineolas a fhaightear sa phróiseas seo eolas ar shainaithint agus ar fheidhmiú straitéisí agus idirghabhálacha. Cuirtear iad seo i bhfeidhm ar bhealach an-éifeachtach.*

> *Tá éifeachtacht úsáid na scoile as forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) chun tacú le pleanáil gnímh le haghaidh feabhsúcháin ag leibhéal an-ard; I measc na ngnéithe láidre atá samhaltú múinteoirí agus roinnt cleachtais.*

Thug cigirí faoi deara gur chuir rannpháirtíocht in Droichead agus sa *Ciste Barr Feabhais Scoile*: (DEIS) athbhreithniú ag piaraí chun cinn agus roinn múinteoirí saineolas le baill foirne eile. I scoileanna ina raibh forbairt ghairmiúil leanúnach neadaithe i gcleachtas gairmiúil na múinteoirí, thug cigirí faoi deara go raibh leibhéal an-ard rannpháirtíochta foirne i ndeiseanna forbartha gairmiúla a bhí nasctha le spriocanna DEIS sa litearthacht, san uimhearthacht, san fholláine, i bhforbairt na teanga béil agus i dtaca le tacaíocht a thabhairt do dhaltaí/scoláirí gabháil d'iompraíocht dhearfach.

Bhí scoileanna ar bronnadh stádas DEIS orthu tar éis fhoilsiú Phlean DEIS 2017 tar éis dul i mbun forbartha gairmiúla a dhírigh ar fheabhsúchán scoile a bhainistiú trí phleanáil gníomhaíochta DEIS agus trí spriocanna SMART a shocrú a chuir SFGM ar fáil. Mhol cigirí go rachadh scoileanna i mbun forbairt ghairmiúil leanúnach i réimsí amhail measúnú a dhéanamh maidir leis an bhfoghlaim agus difreáil mar mhodh chun gnóthachtáil daltaí/scoláirí de gach cumas a fheabhsú tuilleadh. Mhol siad freisin go dtógfadh scoileanna ar chleachtais uilechuimsitheacha oideachais trí rochtain a fháil ar chúrsaí ar theagasc foirne agus ar dhifreáil. Léiríonn an moladh seo a leanas ó thuarascáil mheastóireachta an toradh seo:

> *Tá éiteas láidir cúraim ar fud shaol na scoile agus tugtar tacaíocht mhaith do scoláirí aitheanta agus dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu laistigh de na ranganna cumais mheasctha. Bhí ceachtanna áirithe ann, áfach, ina mbainfeadh na scoláirí ardchumais leas as a thuilleadh dúshlán agus i gceachtanna eile ní rabhthas ag súil go ndéanfadh na scoláirí a raibh deacracht níos mó acu an iarracht is fearr le bheith páirteach nó le feabhsú. Chun an tacaíocht is fearr a thabhairt do riachtanais na scoláirí ar fad, moltar go dtabharfaí tús áite i bhforbairt ghairmiúil na scoile uile amach anseo d'idirghabhálacha idirdhealaithe agus do Mheasúnú chun Foghlama (AFL).*

## 4.3 Impleachtaí thorthaí mheastóireachta DEIS d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach

Rinne cigirí roinnt moltaí do scoileanna chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú tuilleadh trí rochtain a fháil ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach maidir le gnéithe éagsúla dá gcleachtas ranga chomh maith le próiseas pleanála gníomhaíochta DEIS. Ar na moltaí sin bhí:

- Nuair is gá, ba cheart do scoileanna tuilleadh tacaíochtaí a lorg ón SFGM, SSM nó ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta maidir le conas teagasc foirne, straitéisí measúnaithe foirmitheacha agus cur i bhfeidhm an Chontanam Tacaíochta ina seomraí ranga a chur i bhfeidhm.
- Teastaíonn rochtain bhreise ó mhúinteoirí nua-cháilithe agus ó mhúinteoirí le taithí a earcaítear i scoileanna DEIS ar chúrsaí forbartha gairmiúla i gcláir atá bunaithe ar fhianaise ar theangacha agus cumarsáid, litearthacht, uimhearthacht, fholláine agus d'fhonn tacú le hiompar dearfach daltaí/scoláirí. Ba chóir tosaíocht a thabhairt do na múinteoirí seo lena gcur san áireamh in imeachtaí FGL.
- Teastaíonn tuilleadh cúnaimh ó scoileanna d'fhonn cur lena scileanna chun tionchar a n-idirghabhálacha le daltaí/scoláirí aonair agus le grúpaí daltaí/scoláirí a thomhas agus d'fhonn dul chun cinn chláir agus tionscnaimh éagsúla sa scoil ina iomláine a chinneadh trí phróiseas pleanála gníomhaíochta DEIS. Is gá treoir bhreise a sholáthar maidir le húsáid sonraí meastóireachta chun fianaise a sholáthar ar thionchar na gcur chuige teagaisc.

# Cuid 5 Conclúidí agus moltaí

## 5.1 Réamhrá

Nuair a cuireadh an chéad chlár tacaíochta ar fáil do scoileanna a fhreastalaíonn ar dhaltaí/scoláirí ó cheantair faoi mhíbhuntáiste oideachasúil agus sóisialta sna 1970idí, ba í meastóireacht sheachtrach an príomhspreagadh chun dearbhuithe a sholáthar maidir le cáilíocht an tsoláthair i mbunscoileanna. Le tabhairt isteach na bpróiseas pleanála gníomhaíochta DEIS scoilbhunaithe le haghaidh feabhsúcháin in 2005, mar aon le próisis féinmheastóireachta scoile (2012) agus *Ag Breathnú ar an Scoil Againne (2016)* , an creat cáilíochta do mheastóireacht scoile, tá méadú ar mhuinín ghairmiúil laistigh de scoileanna chun a soláthar féin a mheas agus chun measúnú a dhéanamh dóibh féin ar an gcaoi a bhfuil siad ag soláthar dá gcuid scoláirí. Soláthraíonn tuarascáil na Cigireachta seo meastóireacht sheachtrach ar cháilíocht na bpróiseas pleanála gníomhaíochta seo agus ar a dtionchar ar thorthaí na scoláirí.

Leagtar béim sa chuid seo ar na príomhthorthaí maidir le cáilíocht na ceannaireachta sa phleanáil gníomhaíochta i scoileanna DEIS agus tionchar na bpleananna sin ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama. Is do gach scoil na conclúidí a thugtar. I gcásanna áirithe, leagtar amach moltaí mar a bhaineann le hearnáil ar leith.

## 5.2 Conclúidí

- Ar an iomlán, sna scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu, bhí cultúr láidir pleanála le haghaidh feabhsúcháin. Bhí struchtúir bunaithe ag ceannairí scoile laistigh dá scoileanna (mar shampla comhordaitheoir DEIS a cheapadh agus foirne DEIS a bhunú) chun pleanáil le haghaidh feabhsúcháin a chur chun cinn mar fhreagracht roinnte i measc na foirne ceannaireachta agus laistigh den fhoireann. Dáileadh freagrachtaí ceannaireachta agus braitheadh go raibh úinéireacht ag gach duine ar an bplean gníomhaíochta DEIS

- Áit a raibh ceannaireacht na pleanála gníomhaíochta DEIS go maith nó go han-mhaith (73% de bhunscoileanna agus 66% d'iar-bhunscoileanna), chuir ceannairí scoile ceannaireacht láidir teagaisc ar fáil dá gcuid scoileanna; roinn siad fís choiteann lena bhfoirne agus dhírigh siad ar na heispéiris foghlama ab fhearr a sholáthar dá scoláirí agus ar a gcuid deiseanna saoil a fheabhsú

- San áit ar breathnaíodh an cleachtas ab éifeachtaí, ba í pleanáil gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin a spreag cur chun cinn fheabhas uile scoile agus bhí sé bunaithe ar phrionsabail an phróisis FMS. B'ionann plean gníomhaíochta DEIS agus plean féinmheastóireachta na scoile le haghaidh feabhsúcháin.

- Tá líon suntasach sonraí bonnlíne á nginiúint ag scoileanna anois mar chuid de phróiseas pleanála gníomhaíochta DEIS. Teastaíonn tuilleadh cúnaimh ó roinnt scoileanna le hanailís a dhéanamh ar na sonraí seo agus le spriocanna SMART a cheapadh bunaithe ar shonraí atá bríoch agus réalaíoch laistigh dá gcomhthéacsanna sonracha. Is dúshlán i gcónaí do bhreis agus trian de na scoileanna spriocanna SMART a cheapadh agus na sonraí a thacaíonn leo a thuiscint

- Go ginearálta, tá líon suntasach idirghabhálacha á gcur i bhfeidhm ag scoileanna chun litearthacht, uimhearthacht agus folláine a gcuid scoláirí a neartú. I gcásanna áirithe, ní mór monatóireacht níos géire a dhéanamh ar na hidirghabhálacha seo agus ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht maidir le torthaí a fheabhsú do dhaltaí/scoláirí. Áit atá cleachtas maith nó an-mhaith le sonrú, déanann scoileanna athbhreithniú ar na spriocanna agus ar na hidirghabhálacha go bliantúil chun a n-éifeachtacht a mheas agus chun na coigeartuithe riachtanacha a dhéanamh

- Díríonn formhór na scoileanna a n-acmhainní agus idirghabhálacha agus tacaíochtaí sonracha chun freastal ar riachtanais na ndaltaí/scoláirí is mó atá i mbaol an mhíbhuntáiste oideachais. Ní mór tuilleadh cúnaimh a thabhairt do roinnt scoileanna ionas go dtacóidh na hidirghabhálacha go léir le croí-obair na scoileanna lena n-áirítear tacú le folláine agus teagasc agus foghlaim daltaí/scoláirí.

- Tá rochtain ag bunscoileanna ar raon tionscnamh atá bunaithe ar fhianaise chun tacú lena gcuid oibre maidir leis an litearthacht agus maidir leis an fholláine agus ar raon teoranta uimhearthachta. Tá easpa suntasach de chláir bunaithe ar fhianaise in úsáid sna hiar-bhunscoileanna a ndearnadh meastóireacht orthu, lasmuigh de na cláir de chuid SNSO chun tacú le folláine agus roinnt clár de chuid CNOS a ndéantar tagairt dóibh i dtuarascálacha cigireachta ar nós an Clár Saibhrithe Foclóra

- Léiríonn fianaise mheastóireachta go bhfuil tús áite tugtha d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus tá FGL neadaithe in obair na múinteoirí i mbeagnach gach bunscoil agus i leath de na hiar-bhunscoileanna a ndearnadh meastóireacht orthu. Tá an fhorbairt ghairmiúil ar a dtugtar rochtain ailínithe go dlúth leis na hidirghabhálacha

atá i bhfeidhm agus leis na spriocanna a ceapadh mar chuid de phróiseas pleanála gníomhaíochta DEIS.

- Sna scoileanna DEIS is éifeachtaí (75% de bhunscoileanna agus 63% d'iar-bhunscoileanna), tá plean gníomhaíochta DEIS mar bhonn le croí-obair na scoile: an teagasc agus an fhoghlaim. Léiríonn pleanáil na múinteoirí agus pleananna ábhair an plean gníomhaíochta DEIS in go leor scoileanna. Mar sin féin, tá scóip ann do scoileanna straitéisí DEIS don scoil uile a chomhtháthú sna comhthéacsanna a bhaineann go sonrach le hábhar in iar-bhunscoileanna.

- Tá iarracht á déanamh ag scoileanna seomraí ranga ionchuimsitheacha a chruthú. Cuirtear tacaíochtaí difreáilte ar fáil laistigh den suíomh príomhshrutha i ngach bunscoil agus in iar-bhunscoileanna agus seomraí ranga áirithe, tá múinteoirí agus múinteoirí oideachais speisialta ag obair i gcomhar lena chéile chun freastal ar riachtanais daltaí/scoláirí. Tá teagasc foirne ag teacht le bheith ina ghné d'iar-bhunscoileanna DEIS

- Tá tionchar dearfach ag próiseas pleanála gníomhaíochta DEIS ar cháilíocht an teagaisc i scoileanna. Bhí an teagasc agus an fhoghlaim go maith nó an-mhaith i 75% de na bunscoileanna agus 63% de na hiar-bhunscoileanna a rinneadh meastóireacht orthu. I measc na bpríomheilimintí ratha maidir le teagasc agus foghlaim sna scoileanna DEIS seo atá go maith nó go han-mhaith bhí ionchais arda a shocrú do gach foghlaimeoir, ag baint úsáid as straitéisí soiléire teagaisc chun a chinntiú go raibh daltaí/scoláirí spreagtha, gníomhach agus rathúil ina gcuid foghlama; bhí  ag obair le chéile chun deiseanna foghlama a sholáthar do dhaltaí/scoláirí i dtimpeallacht ionchuimsitheach foghlama; rinneadh ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim le go bhfreastalófar ar riachtanais na ndaltaí/scoláirí aitheanta  i gceachtanna agus cuireadh idirghabhálacha bunaithe ar fhianaise i bhfeidhm chun litearthacht, uimhearthacht agus folláine daltaí/scoláirí a neartú.

- Chuir pleanáil gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin meicníocht ar fáil do scoileanna chun athruithe a bhainistiú agus chun a gclár oibre féin a fhorbairt le haghaidh feabhsúcháin scoile. Cothaíonn an próiseas maidir le pleananna gníomhaíochtaí DEIS úinéireacht i measc na múinteoirí ar a gclár oibre um athrú agus ar a bplean d'fheabhsúchán na scoile ina iomláine.

- Tá aird bhreise á tabhairt i scoileanna ar dhá cheann de théamaí nua DEIS (ceannaireacht agus FGL), atá mar fhócas na tuarascála seo. Tá an beartas maidir leis an gcreat ceannaireachta a leagtar amach i gciorcláin chuig scoileanna agus a léirítear freisin sna creataí cáilíochta in *Ag Breathnú ar ár Scoil Againne 2016* ar

aon dul leis na téamaí nua seo agus cuireann sé beartais breise ar fáil do na réimsí seo chun go mbeidh fócas breise orthu i scoileanna.

## 5.3 Moltaí

Bíonn tionchar dearfach ag pleananna gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin scoile ar go leor gnéithe de shaol na scoile. Mar sin féin, tá réimsí ann ina dteastaíonn tacaíochtaí breise ó scoileanna lena chinntiú go bhfuil an próiseas leabaithe i gcleachtadh laethúil agus i dtimthriallta pleanála na scoile.

**Ceannaireachta ar phleananna gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin**

- Tá éiginnteacht áirithe fós ann i scoileanna maidir le spriocanna SMART a leagan síos, maidir le sonraí a úsáid agus anailís a dhéanamh orthu agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar na spriocanna atá leagtha síos. Tá gá ag scoileanna le tacaíocht bhreise ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) maidir leis na réimsí sin. Tá níos mó soiléireachta ag teastáil maidir leis an nasc idir féinmheastóireacht scoile agus pleananna gníomhaíochta DEIS chun feabhsú scoileanna a bhaint amach.

- Ba chóir go gcuirfí ar chumas múinteoirí, príomhoidí, agus seirbhísí tacaíochta tuiscint agus léirthuiscint chríochnúil a bheith acu ar an ngá atá le cultúr a chothú ina n-úsáidtear sonraí ar bhealach níos éifeachtaí laistigh de scoileanna DEIS. Ba chóir tacaíocht a thabhairt do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí maidir le conas a gcuid sonraí féin a thabhairt i gceist, spriocanna SMART a shocrú a bheidh bunaithe ar na sonraí sin agus socrú a dhéanamh go mbeidh na sonraí sin ina gcuid de thimthriall leanúnach d'fheabhsúchán scoile agus teagaisc. Ba chóir cláir spriocdhírithe agus dírithe de thacaíochtaí forbartha gairmiúla a sholáthar chun tacú le scoileanna chun a chur ar a gcumas sonraí a úsáid go córasach, chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn daltaí/scoláirí agus chun teagasc sainiúil a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais gach dalta/scoláire.

- Ba chóir do Chigireacht na Roinne Oideachais leanúint den chaidreamh le scoileanna, le boird bhainistíochta agus leis na seirbhísí tacaíochta chun cumas an chórais a thógáil chun tabhairt faoin bpróiseas pleanála gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin i scoileanna DEIS agus chun é a threorú.

- Ba cheart go n-éascófaí líonraí de scoileanna DEIS ag SFGM agus ag an Lárionad um Cheannaireacht Scoile (CSL) agus go spreagfaí scoileanna chun gnéithe dá gcleachtas éifeachtach agus dá bpleanáil gníomhaíochta DEIS a scaipeadh agus a roinnt. Ba cheart don SFGM agus CSL tacú le ceannairí scoile chun cultúir chomhoibríocha a fhorbairt ina scoileanna, tosaíocht a thabhairt do cheannaireacht teagaisc agus tacú le ceannairí scoile ina gcuid oibre ceannaireachta bunathraithe. Ba cheart físeáin a dhéanamh de chás-staidéir ina dtugtar eiseamláirí de chleachtas éifeachtach chun go mbeadh acmhainní ag scoileanna a chuideoidh leo a gcuid cleachtas a fheabhsú.

**Tacú le teagasc agus le foghlaim ardchaighdeáin i scoileanna DEIS**

- Ba cheart leanúint d'fhorbairt ghairmiúil ardchaighdeáin a sholáthar do scoileanna DEIS maidir le straitéisí agus cineálacha cur chuige atá bunaithe ar fhianaise agus lena ndéantar an teagasc agus an fhoghlaim a fheabhsú. Ba cheart treoir shainiúil don litearthacht agus don uimhearthacht chomh maith le straitéisí ginearálta teagaisc a mheastar a bheith ina straitéisí is éifeachtaí a cheapadh agus a roinnt le hiar-bhunscoileanna.

- Ba cheart breis tacaíochtaí a chur ar fáil d'iar-bhunscoileanna ina gcuid oibre chun timpeallachtaí cuimsitheacha scoile agus seomra ranga a chothú. Go sonrach, ba chóir go gcuirfeadh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta tacaíochtaí ar fáil maidir leis an gcaoi teagasc foirne a chur i bhfeidhm laistigh de sheomraí ranga príomhshrutha agus na modhanna is fearr chun tacú le difreáil daltaí/scoláirí i réimsí ábhair éagsúla.

***Liosta na dTáblaí***

Tábla 1. Líon na scoileanna DEIS a ndearnadh meastóireacht orthu gach bliain idir2017-2020 ........................................................................................................................ 7

Tábla 2. Líon na scoileanna atá páirteach sa chlár DEIS (scoilbhliain 2020/21) .................. 12

Tábla 3. Líon na múinteoirí i scoileanna DEIS a rinne an Dioplóma Gairmiúil i gCeannaireacht Scoile ........................................................................................... 13

Tábla 4. Téarmaí cainníochtúla a úsáidtear sa tuarascáil chumaisc seo ............................. 19

## Liosta na bhFíor

Fíor 1. Téamaí DEIS (Plean DEIS 2017) ........ 15

Fíor 2. Próiseas sé chéim na féinmheastóireachta scoile atá mar bhonn le pleananna DEIS ........ 17

Fíor 3. Cáilíocht na ceannaireachta maidir le pleanáil gníomhaíochta DEIS imbunscoileanna(n=40) ........ 26

Fíor 4. Cáilíocht na ceannaireachta maidir le pleananna gníomhaíochta DEIS in iar-bhunscoileanna (n=38) ........ 27

Fíor 5. Torthaí ilchodacha le haghaidh cheannaireacht phleanáil gníomhaíochta DEIS i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (l=78) 36

Fíor 6. Fócas ar theagasc agus ar fhoghlaim Oideachas sna hEalaíona i mBunscoileanna 40

Fíor 7. Tionchar na pleanála gníomhaíochta ar theagasc agus ar fhoghlaim in iar-bhunscoileanna (n=38) ........ 40

Fíor 8. Torthaí foriomlána ar an tionchar atá ag pleanáil gníomhaíochta DEIS ar theagasc agus ar fhoghlaim i seomraí ranga bunscoile agus iar-bhunscoile (n=78) ........ 41

# Aguisíní

# Aguisín A

## Tacaíochtaí do scoileanna atá rannpháirteach sa Chlár DEIS

| Scoileanna DEIS i mBanda 1 (bnscoileanna) | Scoileanna DEIS i mBanda 2 (bunscoileanna) | Bunscoileanna DEIS faoin tuath | Iar-bhunscoileanna DEIS |
|---|---|---|---|
| Cóimheas feabhsaithe daltaí agus múinteoirí (líon ranga 20:1 sna bunranganna; 24:1 sna hardranganna)<br>Leithdháileadh Príomhoide Riaracháin ar rollú agus ar fhigiúirí foirne níos ísle (116 i mBanda 1).<br><br>Cúnamh deontais breise bunaithe ar leibhéal míbhuntáiste<br><br>Ráta cistithe breisithe faoi Scéim Deontais na Leabhar Scoile<br><br>Rochtain ar an Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail<br>Rochtain tosaíochta ar Chlár na mBéilí Scoileanna<br><br>Rochtain ar thacaí faoin gClár Críochnú Scoileanna<br><br>Rochtain ar thacaí litearthachta/uimhearthachta chun tionscnaimh litearthachta agus uimhearthachta ar leith a chur i bhfeidhm<br><br>Rochtain tosaíochta ar an Lárionad um Cheannaireacht Scoile<br><br>Fairsingiú ar sholáthar SNSO sna scoileanna DEIS<br>Rolladh amach na gclár Teacher Classroom Management Programme agus Friends<br>Rochtain tosaíochta ar réimse tacaí forbartha gairmiúla. | Leithdháileadh Príomhoide Riaracháin ar rollú agus ar fhigiúirí foirne níos ísle(144 i mBanda 2).<br><br>Cúnamh deontais breise bunaithe ar leibhéal míbhuntáiste<br>Ráta cistithe breisithe faoi Scéim Deontais na Leabhar Scoile<br>Rochtain ar an Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail<br><br>Rochtain tosaíochta ar Chlár na mBéilí Scoileanna<br><br>Rochtain ar thacaí faoin gClár Críochnú Scoileanna<br><br>Rochtain ar thacaí litearthachta/uimhearthachta chun tionscnaimh litearthachta agus uimhearthachta ar leith a chur i bhfeidhm<br><br>Rochtain tosaíochta ar an Lárionad um Cheannaireacht Scoile<br><br>Fairsingiú ar sholáthar SNSO sna scoileanna DEIS<br>Rolladh amach na gclár Teacher Classroom Management Programme agus Friends<br>Rochtain tosaíochta ar réimse tacaí forbartha gairmiúla. | Cúnamh deontais breise bunaithe ar leibhéal míbhuntáiste<br>Ráta cistithe breisithe faoi Scéim Deontais na Leabhar Scoile<br><br>Rochtain tosaíochta ar Chlár na mBéilí Scoileanna<br><br>Rochtain ar thacaí faoin gClár Críochnú Scoileanna<br>Rochtain ar thacaí litearthachta/uimhearthachta chun tionscnaimh litearthachta agus uimhearthachta ar leith a chur i bhfeidhm<br>Rochtain tosaíochta ar an Lárionad um Cheannaireacht Scoile<br><br>Fairsingiú ar sholáthar SNSO sna scoileanna DEIS<br>Rolladh amach na gclár Teacher Classroom Management Programme agus Friends<br>Rochtain tosaíochta ar réimse tacaí forbartha gairmiúla. | Cúnamh deontais breise bunaithe ar leibhéal míbhuntáiste<br><br>Leithdháileadh breisithe treorach de 1.25 den Choibhneas Daltaí-Múinteoirí<br><br>Ráta cistithe breisithe faoi Scéim Deontais na Leabhar Scoile<br>Rochtain ar an Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail<br><br>Rochtain tosaíochta ar Chlár na mBéilí Scoileanna<br><br>Rochtain ar thacaí faoin gClár Críochnú Scoileanna<br>Rochtain ar Chlár Teastais Shóisearaigh na Scoileanna<br>Rochtain ar Chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí<br><br>Rochtain tosaíochta ar an Lárionad um Cheannaireacht Scoile<br><br>Fairsingiú ar sholáthar SNSO sna scoileanna DEIS<br>Rolladh amach an Chlár Friends de chuid SNSO.<br>Rochtain tosaíochta ar réimse tacaí forbartha gairmiúla.<br>*Tá post múinteoireachta 22 uair lasmuigh den chuóta um Iompraíocht don Fhoghlaim ag roinnt iar-bhunscoileanna. |

Foinse: DES (2017). Plean Gníomhaíochta DEIS 2017 (leathanaigh 56 – 57)

# Aguisín B

## Gníomhaíochtaí meastóireachta ar thug cigirí fúthu le linn meastóireachta DEIS agus an cantanam cáilíochta

**(a) Ar na gníomhaíochtaí meastóireachta ar thug cigirí fúthu le linn meastóireachta DEIS bhí na gníomhaíochtaí seo a leanas:**

- Agallamh leis an bpríomhoide agus leis an bhfoireann chuí
- Scrúdú ar phleananna gníomhaíochta reatha na scoile le haghaidh feabhsúcháin
- Breathnú ar ghníomhaíochtaí agus ar idirghabhálacha a bhaineann le DEIS
- Agallamh le fócasghrúpa daltaí/tuismitheoirí
- Agallamh le fócasghrúpa tuismitheoirí
- Anailís ar shuirbhéanna tuismitheoirí agus daltaí/scoláirí
- Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim
- Imscrúdú ar obair na daltaí/na scoláirí
- Caidreamh le daltaí/scoláirí
- Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí ábhartha

### (b) An cantanam cáilíochta

Déanann cigirí cur síos ar cháilíocht an tsoláthair sa scoil agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na cigireachta a thaispeántar thíos. Tugann an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí nuair a bhíonn siad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile do gach réimse.

| Leibhéal | Cur síos | Sampla de na Téarmaí Tuairisciúla |
|---|---|---|
| **An-mhaith** | Úsáidtear ***An-mhaith*** áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard. Ní bhíonn tionchar rómhór ag an líon beag réimsí atá le feabhsú ar cháilíocht an tsoláthair ar an iomlán. Do roinnt scoileanna sa chatagóir seo bíonn an cháilíocht ar a ndearnadh meastóireacht ***thar cionn*** agus is sampla é do scoileanna eile de shárchaighdeáin soláthair. | **An-mhaith**; ar cháilíocht an-ard; cleachtas an-éifeachtach; le moladh go hard; an-rathúil; beagán réimsí le feabhsú; go hiontach; ar chaighdeán an-ard. Ar fheabhas***:*** thar cionn; ar sárchaighdeán; le láidreachtaí an-suntasacha; thar barr |
| **Go maith** | Úsáidtear ***Go maith*** áit inar léir go bhfuil na láidreachtai sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu níos treise ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh. Bíonn tionchar ag na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh ar cháilíocht foghlama na ndaltaí. Ní mór don scoil tógáil ar a cuid láidreachtaí agus gníomhú le dul i ngleic leis na réimsí atá aitheanta ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh d'fhonn caighdeán *an-mhaith* a bhaint amach. | **Go maith**; cáilíocht mhaith; fiúntach; cleachtas éifeachtach; inniúil; úsáideach; inmholta; caighdeán maith; roinnt réimsí le feabhsú |
| **Sásúil** | Úsáidtear ***Sásúil*** áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith. Tá na láidreachtaí sa mhéid ar a bhfuil meastóireacht á dhéanamh díreach níos treise ná na laigí. Cé nach mbíonn drochthionchar suntasach ag na laigí cuireann siad srian le cáilíocht na n- | **Sásúil**; sách maith; soláthar oiriúnach cé go bhfuil féidearthachtaí ann le feabhas a dhéanamh; leibhéal cáilíochta inghlactha; is gá feabhas a dhéanamh i réimsí áirithe |

| | | |
|---|---|---|
| | eispéireas foghlama agus ba chóir déileáil leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach. | |
| **Measartha** | Úsáidtear ***Measartha*** áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann freisin ná na láidreachtaí. Beidh ar an scoil dul i ngleic le heasnaimh áirithe gan mhoill lena chinntiú go mbíonn an soláthar sásúil nó níos fearr ná sin. | ***Measartha***, laigí soiléire ann a bhfuil tionchar acu ar fhoghlaim na ndaltaí; gan a bheith chomh sásúil sin; deacrachtaí ann; níor mór feabhas a dhéanamh i réimsí ar leith; gá le gníomhú le feabhas a dhéanamh |
| **Lag** | Úsáidtear ***Lag*** áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu. Is gá don scoil uile gníomhú láithreach ar bhonn comhordaithe le dul i ngleic leis na réimsí atá mar ábhar imní. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile le tacú leis na feabhsuithe. | **Lag**; míshásúil; easnamhach; neamhéifeachtach; go dona; athrú, forbairt nó feabhas suntasach ag teastáil; deacrachtaí suntasacha ann |

# Aguisín C

## Líon na gcuairteanna comhairleacha a rinne cigirí FMS ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna DEIS le linn na tréimhse 2017 agus 2020

| Cuairteanna comhairleacha de chuid DEIS/FMS | Bunscoileanna DEIS | Iar-bhunscoileanna DEIS | Iomlán |
|---|---|---|---|
| 2017 -2018 | 84 | 121 | 205 |
| 2018 -2019 | 112 | 46 | 158 |
| 2019-2020 | 104 | 44 | 148 |
| Iomláin | 300 | 211 | 511 |

# Aguisín D

## Tacaí arna gcur ar fáil do phríomhoidí, leas-phríomhoidí agus meáncheannairí i scoileanna DEIS 2017 – 2020 ag SFGM (an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí)

| Cláir cheannaireachta 2017-2020 | Líon na rannpháirtithe ó scoileanna DEIS | | | Líon na rannpháirtithe ar an gclár | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2017-2019 | 2018-2020 | 2019-2021 | 2017-2018 | 2018-2020 | 2019-2021 |
| **Misneach Bunscoileanna do phríomhoidí nuacheaptha** | 49 | 61 | 57 | 201 | 276 | 274 |
| **Iomlán** | 167 | | | 751 | | |

| Forbairt bunscoileanna do phríomhoidí (ceannairí scoile le taithí) | Líon na rannpháirtithe ó scoileanna DEIS | | | Líon iomlán na rannpháirtithe | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2017-2018 | 2018-2019 | 2019-2020 | 2017-2018 | 2018-2019 | 2019-2020 |
| | 41 | 32 | 41 | 198 | 180 | 229 |

| | | |
|---|---|---|
| **Iomlán** | 114 | 607 |
| | | |
| **Ceannaireacht bhunscoile IOMLÁN** | **317** | **1358** |

| | **Líon na rannpháirtithe ó scoileanna DEIS** | | **Líon na rannpháirtithe ar an gclár** | |
|---|---|---|---|---|
| **Clár ceannaireachta tras-earnála do mheáncheannairí i mbunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna** | **2018-2019** | **2019-2020** | **2018-2019** | **2019-2020**<br><br>**2019-2021** |
| | 34 | 82 | 130 | 333 |
| **Iomlán** | 116 | | 463 | |

**Tacaíochtaí do cheannairí scoileanna iar-bhunscoileanna DEIS arna soláthar ag SFGM 2017-2020**

| **Cláir cheannaireachta 2017-2020** | **Líon na rannpháirtithe ó scoileanna DEIS** | | | **Líon na rannpháirtithe ar an gclár** | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Modúil Misneach Iar-bhunscoileanna do phríomhoidí nuacheaptha DEIS** | **2017-2019** | **2018-2020** | **2019-2021** | **2017-2018** | **2018-2020** | **2019-2021** |
| | 19 | 19 | 22 | 56 | 65 | 74 |
| **Iomlán** | 60 | | | 195 | | |

| | **Líon na rannpháirtithe ó scoileanna DEIS** | | | **Líon na rannpháirtithe ar an gclár** | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Forbairt Iar-bhunscoileanna (ceannairí scoile le taithí)** | **2017-2019** | **2018-2020** | **2019-2021** | **2017-2018** | **2018-2020** | **2019-2021** |
| | **35** | **24** | **35** | **154** | **159** | **134** |
| **Iomlán** | **94** | | | **447** | | |

| | Líon na rannpháirtithe ó scoileanna DEIS | | | Líon na rannpháirtithe ar an gclár | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tánaiste Iar-bhunscoileanna (do leasphríomhoidí nuacheaptha)** | **2017-2019** | **2018-2020** | **2019-2021** | **2017-2018** | **2018-2020** | **2019-2021** |
| | 35 | 25 | 27 | 239 | 85 | 103 |
| **Iomlán** | 87 | | | 427 | | |
| **Ceannaireacht iar-bhunscoile IOMLÁN** | 241 | | | 1069 | | |

# Aguisín E

## Forbairt ghairmiúil leanúnach arna sholáthar ag CNOS 2017-2020 do mhúinteoirí agus foirne scoile uile

| Seimineáir sheachtracha | Tinreamh |
|---|---|
| 2-day TEACCH | 158 |
| 3 Rs To Bullying Prevention | 21 |
| 4-day Introduction To Autism | 48 |
| 5-day TEACCH | 22 |
| ABLLS & VB MAPP | 22 |
| Accessing The Curriculum For Students With Autism, Post Primary | 40 |
| Accessing The Curriculum For Students With Autism Through Literacy | 36 |
| Accessing The Curriculum For Students With Autism, Primary | 1 |
| Accessing The Curriculum Through Numeracy For Students With Autism | 46 |

| | |
|---|---|
| Alert, Post Primary | 20 |
| An Introduction To Autism | 47 |
| An Introduction To Dir Floortime | 3 |
| An Introduction To Inclusive Physical Education | 4 |
| An Introduction To Teaching Children With Down Syndrome | 7 |
| Assessment & Individual Planning For Students With Sen, Post Primary, Day 2 | 417 |
| Assessment For Teaching & Learning In The Mainstream Pp School, Post Primary | 40 |
| Assistive Technology Dyslexia | 19 |
| Assistive Technology Voice Recognition | 50 |
| Assistive Technology | 9 |
| Assistive Technology For Students With Dyslexia - Freeware For Windows | 7 |
| Assistive Technology For Students With Dyslexia, Texthelp Read Write Gold | 23 |
| Autism & Co-Occurring Additional Needs | 52 |

| | |
|---|---|
| Autism A Sensory Perspective | 58 |
| Autism, Mental Health & Anxiety | 179 |
| Behaviour For Learning Training | 26 |
| CABA | 98 |
| Challenging Behaviour & Social Skills | 35 |
| Comhtheagasc do Dhaltaí Le RSO, Iar-Bhunscoileanna | 89 |
| Pobail Chleachtais | 48 |
| Comhtheagasc do Dhaltaí Le RSO | 209 |
| Deafness An Introduction | 42 |
| Developing Language & Communication | 11 |
| Difreáil | 45 |
| Early Communication For Students With Autism, Day 2 | 3 |
| Getting It Together | 27 |

| | |
|---|---|
| Inclusive Teaching & Learning For Primary School Teachers | 4 |
| Individual Education Planning For Students With Sen | 170 |
| Individual Education Planning For Students With Sen | 185 |
| Intensive Interaction | 11 |
| Intro To Down Syndrome | 3 |
| Introduction To Autism | 56 |
| Lámh | 37 |
| Language & Communication For Students With Autism In The Mainstream Classroom | 25 |
| Language & Communication For Students With Sen | 3 |
| Leading The Inclusive School, Principals Primary | 5 |
| Leading The Inclusive School, Teachers Post Primary | 140 |
| Leading The Inclusive School, Primary Teachers Seminar | 1 |
| Leading The Inclusive School, Principals Post Primary | 30 |

| | |
|---|---|
| Literacy, Numeracy & Autism, Post Primary | 15 |
| Literacy, Numeracy & Autism, Primary | 2 |
| Newly Appointed Teachers To Existing Autism Classes | 14 |
| Parents Plus Adolescence Programme | 18 |
| Pathways To Prevention | 18 |
| People Skills | 13 |
| People Skills/Getting It Together Cluster | 9 |
| Pep 3 | 3 |
| Primary Language Curriculum | 16 |
| Principal Set Allocation Model | 33 |
| Principals Of Schools With A New Autism Class | 27 |
| Principals Of Schools With An Existing Autism Class | 34 |
| Promoting Positive Behaviour For Learning | 32 |

| | |
|---|---|
| Puberty, Relationships, Sexuality & Autism | 61 |
| Sensory Processing & Motor Skills | 35 |
| Social Drama For Children & Young People With Autism | 8 |
| Social Skills For Students With Autism | 83 |
| Social Stories | 60 |
| Speech, Language And Communication Needs In Adolescence | 210 |
| Student Behaviour Planning | 31 |
| Supporting Students With Autism As They Transition Through Education, Post Primary | 46 |
| Supporting Students With Autism Through The Use Of Apps | 20 |
| Supporting Students With Dyslexia & Literacy Difficulties Post Primary | 308 |
| Supporting Students With Autism Through The Use Of Apps | 2 |
| Supporting Students With Mild/Moderate GLD | 185 |
| Teaching Children With An Acquired Brain Injury | 4 |

| | |
|---|---|
| Teaching Students With Dyslexia & Literacy Difficulties | 110 |
| Teaching Students With Language & Communication Difficulties, Post Primary | 99 |
| Teaching Students With Mild Or Moderate GLD In The Mainstream Post Primary School | 5 |
| Teaching Young Children With ASD | 10 |
| Teaching Young Children With Dyslexia | 1 |
| Team Teaching, Post Primary | 61 |
| The Continuum Of Support & The Set Allocation Model, Post Primary Principals | 52 |
| The Continuum Of Support & The Set Allocation Model, Post Primary Teachers | 224 |
| Transition From Primary To Post Primary For Students With Sen | 103 |
| T-Tap | 70 |
| Using AFLS | 78 |
| Why Try | 29 |
| Working Things Out | 30 |

| Seimineáir scoile uile | Tinreamh |
|---|---|
| SET/Dyslexia | 17 |
| Difreáil | 1810 |
| An Introduction To Autism | 1701 |
| ASD Workshop | 17 |
| Assessment | 14 |
| Assessment Team Teaching Differentiation | 50 |
| Iompar dúshlánach & scileanna sóisialta | 9 |
| Continuum Of Support | 27 |
| Continuum Of Support And Individual Planning | 30 |
| Co-Teaching | 2479 |
| Differentiation & Co-Teaching | 196 |

| | |
|---|---|
| Differentiation & SET Model | 129 |
| Differentiation/Inclusion | 60 |
| Dyslexia | 86 |
| Dyspraxia | 92 |
| EBD/Check & Connect, | 13 |
| Exceptional Closure | 81 |
| Inclusion In Mainstream Post-primary School | 180 |
| Inclusion/Differentiation | 117 |
| SET & Assessment | 33 |
| SET & Co-Teaching | 64 |
| SET Allocation Model & Co-Teaching | 15 |
| SET Model | 145 |
| Supporting Students Who Are Exceptionally Able | 14 |

| | |
|---|---|
| SET & Co-Teaching | 65 |
| Teaching Students With ADD/ADHD | 40 |
| Teaching Students With Mild/General Learning Difficulties New Model Allocation | 26 |
| Teaching Young Students With Mild GLD | 29 |
| Understanding & Managing Escalating Behaviour | 5 |
| Using ICT to Support Children With Sen | 6 |
| **Iomlán Múinteoirí/Príomhoidí Iarbhunscoileanna (Seimineáir Sheachtracha agus Seimineáir Scoile Uile)** | **12341** |